

2009 i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

Ár Misean

Taifid dhoiciméadacha agus intleachtúla shaol na hÉireann a bhailiú, a chaomhnú, a chur chun cinn agus a chur ar fáil, chomh maith le cur leis an soláthar teachta ar shaol mór an eolais thairfeadta.

Tuarascáil Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

*Don Aire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta de bhun alt 36 den Acht um Fhorais
Chultúir Náisiúnta 1997.*

Arna foilsiú ag
Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

ISSN 2009-020X

(c) Bord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann , 2010

Clár

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

BROLLACH AN STIÚRTHÓRA

FORAMHARC 2009

Dul chun cinn i dtreo aidhmeanna agus cuspóirí straitéiseacha na Leabharlainne 2008-2010:

Bailiúcháin a fhorbairt agus a chosaint

Soláthar seirbhíse ar ardchaighdeán

For-rochtain, comhoibriú agus sineirge a bhaint amach

An bonneagar fisiceach a fheabhsú

Forbairt na foirne

Forbairt na heagraíochta

AN BORD AGUS COISTÍ AN BHOIRD

AGUISÍNÍ

Aguisín 1: Buíochas lenár n-urraitheoirí agus lenár mbronntóirí

Aguisín 2: Cumann Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

Aguisín 3: Staitisticí

Aguisín 4: Comhpháirtíochtaí Comhoibritheacha i gcaitheamh 2009

Ráiteas an Chathaoirligh

Mar Chathaoirleach Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, tá mé thar a bheith sásta cúigiú tuarascáil bhliantúil an Bhoird a chur faoi bhur mbráid, ina n-achóimrítear forbairt ghníomhaíochtaí na Leabharlainne i gcaitheamh na bliana, d'ainneoin dhúshláin an chúlra eacnamaíche. Rinneadh dul chun cinn maith i gcaitheamh na bliana maidir le príomheilimintí de Phlean Straitéiseach na Leabharlainne a chur chun feidhme, lena n-áirítear breiseanna tábhachtacha ar na bailiúcháin agus feabhsuithe móra seirbhíse. Bhí líon na gcúairteoirí ar na taispeántais agus ar imeachtaí eile na Leabharlainne chomh hard is a bhí riamh. Seoladh dhá thionscadal suntasach digitithe i gcaitheamh na bliana a chuir go mór le hacmhainní digitithe na Leabharlainne agus le hacmhainn taighde na hÉireann.

I dtuarascálacha bliantúla roimhe seo, d'aibhsigh an Bord a údar inní mar gheall ar na deacrachtaí leanúnacha a ghabhann le háiseanna stórais uireasacha agus neamhchuí le haghaidh na mbailiúchán náisiúnta atá faoi chúram na Leabharlainne. Fuarthas cead pleanála, den dara huair sa bhliain 2007, chun áis stórais aidhmdhéanta a thógáil ar láithreán áitreabh na Leabharlainne ar Shráid Chill Dara. Bíodh sin mar atá, tá an Bord buartha faoina laghad dul chun cinn atá déanta maidir leis an tionscadal. Rachaidh an cead pleanála as feidhm sa bhliain 2012 agus mar sin ní mór don Bhord aird a dhíriú arís ar phráinn an tionscadail seo. Muna dtógtar an foirgneamh sin is measa a bheidh sé do bhailiúcháin náisiúnta atá faoi chúram na Leabharlainne i láthair na huair agus cuirfear isteach go mór ar chumas na Leabharlainne ábhar eile a chur lena bailiúcháin. Mar sin, impíonn an Bord ar na húdaráis chuí tús a chur le tógáil na háise stórais a luaithe is féidir.

Ba mhaith leis an mBord a mbuíochas a chlárú leis an Aire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, Martin Cullen, Uasal, T.D. agus le hoifigigh a Roinne as an tacaíocht a thug siad don Leabharlann i gcaitheamh na bliana 2009.

Chuaigh roinnt ball foirne ar scor ón Leabharlann sa bhliain 2009, cuid acu a raibh seirbhís fhada tugtha acu. Ba mhaith le baill an Bhoird a mbuíochas a chlárú leis na baill foirne sin ar fad as a seirbhís thiomnaithe don Leabharlann.

Mar fhocal scoir, thar ceann an Bhoird ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Stiúrthóir, Aongus Ó hAonghusa, atá ag éirí as, agus le foireann na Leabharlainne, as a n-obair dhian, a dtiomantas agus a ndíograis i gcaitheamh na bliana, agus go deimhin le linn thréimhse maoirseachta cúig bliana an Bhoird a thiocfaidh chun deireadh i mí na Bealtaine 2010.

Brollach an Stiúrthóra

Tá mé an-sásta Tuarascáil Bhliantúil Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann a chur faoi bhur mbráid le haghaidh 2009. Déanann an tuarascáil seo cur síos ar phríomhghníomhaíochtaí na heagraíochta i gcaitheamh na bliana.

Bliain éachtach eile don Leabharlann Náisiúnta ab ea 2009 d'ainneoin dhúshláin na timpeallachta seachtraí. Rinneadh dul chun cinn nár bheag maidir Plean Straitéiseach na Leabharlainne 2008-2010 a chur chun feidhme: bhí seirbhísí dá bhforbairt an t-am ar fad, bhí roinnt breiseanna tábhachtacha ar na bailiúcháin agus eagraíodh clár d'imeachtaí gníomhacha a mheall líon suntasach cuairteoirí. Ar na tionscadail dhigiteacha thábhachtacha a seoladh i gcaitheamh na bliana bhí leagan ar líne de *Sources for the History of Irish Civilisation* leis an Dr Richard Hayes mar aon le cartlann ar líne de bhailiúchán plátaí gloine grianghrafadóireachta na Leabharlainne.

Lean clár gníomhach éadálacha na Leabharlainne ar aghaidh i gcaitheamh na bliana: i measc na mbuaicphointí bhí éadail cartlainne bhreise d'ábhar a bhain leis an drámadóra, an Dr Brian Friel, páipéir liteartha agus teaghligh de chuid an úrscéalaí Hugo Hamilton, agus dialanna agus ábhar eile a bhain leis an dtírghráthóir William Smith O'Brien. Bhí tábhacht i gcónaí le bronntanais mar shlí chun ábhar a chur le bailiúcháin na Leabharlainne. Leanadh de chlár i gcaitheamh na bliana chun riaráiste na n-ábhar clóite nár catalógadh fós a laghdú agus chun bailiúcháin lámhscríbhinní a chur ar fáil do léitheoirí de réir na n-acmhainní foirne a bhí ar fáil.

Ba mhó dúshlán a bhí le sárú i mbliana, de thoradh an ghéarchéime reatha eacnamaíche thar aon ní eile. Ba mhó an tionchar a bhí ag an lánchos ar earcaíocht agus ar arduithe céime, a thug an Rialtas isteach i Márta 2009, ar an Leabharlann ós rud é nárbh fhéidir folúntais a tháinig chun cinn ón dáta sin ar aghaidh a líonadh. Chuaigh ocht mball foirne ar scor i gcaitheamh na bliana. Is dona linn nárbh fhéidir aon cheann de na poist sin a líonadh de thoradh an lánchoisc. Toradh eile a bhí ar an lánchos ná nach ceadmhach a thuilleadh don Leabharlann foireann a earcú ar bhonn conartha fostaíochta téarma socraithe agus níorbh fhéidir aon chonradh dá shórt a d'éag i gcaitheamh na bliana a athnuachan, rud a laghdaigh an líon foirne tuilleadh. Is é glantoradh an lánchoisc ná laghdú ar líon foirne na Leabharlainne (ar a n-áirítear croífoireann, ár bhfoireann acmhainní féin agus foireann ar conradh) ó 125 to 105 ag deireadh bliana.

Mheall clár gníomhach d'imeachtaí poiblí cuairteoirí go dtí an Leabharlann arís i mbliana. Tharraing príomhthaispeántas na Leabharlainne, *Yeats: the life and works of William Butler Yeats* líon suntasach cuairteoirí i gcónaí agus spreag na himeachtaí a bhaineann leis an taispeántas samhlaíocht an phobail. Thug líon suntasach cuairteoirí cuairt ar an gelár spreagúil imeachtaí sa Chartlann Náisiúnta Grianghrafadóireachta i mBarra an Teampaill. Ag deireadh bliana bhí roinnt taispeántas nua ullamh nach mór agus tarraingtí spreagthacha agus faisnéiseacha a bheidh iontu do chuariteoirí sa chéad chuid de 2010.

In imeacht ó bhlianta roimhe eagraíodh an comórtas POETRY ALOUD, a reachtálann an Leabharlann i gcomhar le Poetry Ireland, amach ón láthair i gColáiste Wesley, i mBaile an tSaoir. Ba mhór an onóir dúinn a Sóilse, Máire Mhic Ghiolla Íosa, Uachtarán na hÉireann, a bheith i láthair ag craobh ceannais an chomórtais.

Is dona linn nach ndearnadh aon dul chun cinn gur fiú trácht air i gcaitheamh na bliana maidir leis an tionscadal chun áis stórais aidhmdhéanta a thógáil ar láithreán na Leabharlainne ar Shráid Chill Dara. Tá an baol ann anois go rachaidh an cead pleanála a tugadh don tionscadal as feidhm sa bhliain 2007 muna ndéantar aon oibreacha suntasacha sa chéad dá bhliain eile. I mo réamhrá le tuarascáil 2008 d'aibhsigh mé an toradh diúltach a bheadh aige ar an Leabharlann agus ar a bailiúcháin dá mba rud é nár cuireadh tús le tógáil an stóir nua agus ar deireadh chaithfeadh sé amhras ar chumas na hinstitiúide chun leanúint ar aghaidh ag soláthar leibhéal seirbhíse lánbhríche. Lena chur i mbeagán focal, tá bailiúcháin na Leabharlainne á stóráil i ndálaí atá go hiomlán faoi chaighdeán, tá ábhar tábhachtach ag lobhadh dá bharr agus táthar ag súil go n-oibreoidh baill foirne i bhfoirgnimh a tógadh breis is 100 bliain ó shin.

Is mian liom mo bhuíochas a ghlacadh le baill foirne na Leabharlainne a chuaigh ar scor i mbliana as an méid a rinne siad ar son na Leabharlainne: nuair a shuimítear blianta iomlána a seirbhíse le chéile, is ionann é agus dhá chéad bliain nó mar sin de sheirbhís thiomnaithe. Tá mo bhuíochas ag dul chomh maith do na baill foirne atá fós i mbun oibre agus a sholáthraíonn seirbhís ar ardchaighdeán agus a dhéanann a gcion féin go héifeachtach chun aidhmeanna na Leabharlainne a chur ar aghaidh. Ar deireadh gabhaim buíochas le Cathaoirleach Bhord na Leabharlainne, Mr. Gerard Danaher, AS, agus le gach ball den Bhord as an tacaíocht agus an spreagadh a thug siad i gcaitheamh na bliana.

Foramharc 2009

Déanann an chuid seo den tuarascáil cur síos ar phríomhfhorbairtí ar fud príomhréimsí gníomhaíochta na Leabharlainne, ar fhorbairt na mbailiúchán, ar fhorbairt seirbhíse ar ardchaighdeán lena n-áirítear áiseanna for-rochtana agus taispeántais agus ar fhorbairt na heagraíochta.

Forbairt na mBailiúchán

Bailíonn an Leabharlann ábhair trí thaisce dhlíthiúil, trí cheannach agus trí dheonacháin. Tá na critéir a ghabhann le forbairt na mbailiúchán, lena n-áirítear sainchuspóirí forbartha bailiúcháin i bpríomhréimsí bailiúcháin, leagtha amach i mBeartas Forbartha Bailiúchán na Leabharlainne 2009-2011. (Féachtar <http://www.nli.ie/en/udlist/reports-and-policy-documents.aspx>). Le linn 2009 bhí gníomhaíocht maidir le forbairt na mbailiúchán ar siúl i gcónaí. I measc na bpríomhéadálacha bhí na nithe seo a leanas:

- Cartlann suntasach ábhair ón drámadóir mór Éireannach atá fós beo, an Dr. Brian Friel.
- Páipéir liteartha agus teaghlaigh an úrscéalaí agus an ghearrscéalaí Éireannaigh, Hugo Hamilton;
- Bailiúchán d'irisí bunaidh agus de pháipéar ó thriail an Náisiúnaigh Éireannaigh, William Smith O'Brien, a bhí ina cheannaire ar ghluaiseacht na nÉireannach Óg.
- Páipéir liteartha Edna O'Brien;
- Bailiúchán leabhar, paimfléad, grianghraf agus eile de chuid Mary Boydell mar gheall ar ghloine agus ar ghloineadóireacht in Éirinn agus thar lear;
- Bailiúchán leabhar, tréimhseachán agus eile leis an Ridire Samuel Ferguson agus mar gheall air;
- Grianghraif chomhaimseartha le Mark Jensen a dhoiciméadaíonn biataigh i mbun oibre in Éirinn;
- Grianghraif chomhaimseartha de cheantar na Líbirtí i mBaile Átha Cliath a thóg an grianghrafadóir Emmet Martin; agus
- Cúig leabhar sceitse de staidéar bunaidh luibheolaíoch leis an Ridire Charles Langham.

Tá sonraí breise de bhreiseanna suntasacha a fuarthas sa bhliain 2009 leagtha amach thíos de réir réimse bailiúcháin.

Rannóg na Lámhscríbhinní

Fuair an Leabharlann cartlann bhreise de pháipéir ón Dr. Brian Friel maidir lena ghairmré scríbhneoireachta ó 2000 i leith. Cuimsíonn an chartlann lámhscríbhinní agus clóscríbhinní de shaothair chríochnaithe agus de shaothair neamhchríochnaithe araon, lena n-áirítear *The Home Place*, *The Existantial Realm*, *Linguistics*, *The Hermitage*, *Solitary Dwellings*, *Passwords*, *Waiting Room*, *Waiting for a Connection* agus *The Janus Connection*, mar aon le cláir agus comhfhreagras a bhaineann le léiriú drámaí éagsúla de chuid Friel. Sa bhailiúchán gheofar chomh maith roinnt albam de léirmheasanna amharclainne Éireannacha agus idirnáisiúnta, dialanna pearsanta agus corpas fairsing

comhfhreagrais le scríbhneoirí agus le daoine léannta lena n-áirítear Seamus Heaney, Roy Foster, Declan Kiberd, Ulick O'Connor agus Benedict Kiely.

Cuimsíonn páipéir liteartha Hugo Hamilton a cheannaigh an Leabharlann dréacht-chlóscríbhinní de lámhscríbhinní, agus nótaí cúlra leo, mar aon le hábhar taighde dá úrscéalta *Surrogate City*, *The Last Shot*, *The Love Test*, *Headbanger*, *Sad Bastard* agus *Disguise*, agus don dá chuimhní cinn a scríobh sé, *The Speckled People* agus *The Sailor in the Wardrobe*. Lena chois sin, cuimsíonn an bailiúchán comhfhreagras le scríbhneoirí eile, ar nós John Banville, Jennifer Johnson, Colm Tóibín, Roddy Doyle, Nuala O'Faolain, Dermot Bolger, Joseph O'Connor agus Patrick McCabe. Ar áireamh chomh maith tá cartlann de thuismitheoirí Hamilton, Seán agus Irmgard Ó hUrmoltaigh, a raibh tionchar an-mhór ag a n-ábhar spéise ar óige an scríbhneora, agus a thugann léargas ar an gcoimhlint idir nua-aoisiú na hÉireann i ndiaidh an chogaidh agus an náisiúnachas cultúrtha.

Cheannaigh an Leabharlann bailiúchán de pháipéir William Smith O'Brien (1803-64), a bhí ina bhall d'Éire Óg, ina raibh páipéir a bhain lena thriail sa bhliain 1849 as a bheith páirteach san éirí amach drocheagartha i dTiobraid Árann in Iúil 1848 agus na dialanna bunaidh a thiomsaigh sé fad a bhí sé i bpríosún sa Tasmáin (1849-53) agus tar éis dó a bheith scaoilte saor go coinníollach sa bhliain 1854. I measc pháipéir na trialach bhí dréacht-ráiteas dlí 20 leathanach a d'ullmhaigh abhcóide cosanta Uí Bhriain agus a thugann léargas nach raibh againn cheana ar an ról a bhí aige san éirí amach mírathúil. Tá cuntas iomlán sna dialanna ar thuras Uí Bhriain go dtí an Tasmáin agus ar a shaol ansin, agus gheofar sa chur síos ar an tréimhse a chaith sé sa charchar aonair tráchtairacht spéisiúil ar champaí pianseirbhíse. Sa bhailiúchán chomh maith tá roinnt dialann a scríobh sé mar gheall ar a bhfaca sé agus a tharla dó agus é ag taisteal tríd an Eoraip agus trí Mheiriceá Thuaidh. Catalógadh an bailiúchán agus tá sé anois ar fáil i Liosta Bailiúcháin Lámhscríbhinní 147.

Chuir an Leabharlann leis an mbailiúchán fairsing atá aici d'ábhar a bhaineann le teaghlach Edgeworth trí éadail bhailiúchán de 75 litir chuig Richard Lovell Edgeworth agus 30 dréacht de litreacha a scríobh sé chuig comhfhreagraithe éagsúla idir 1760-1817. I measc na gcomhfhreagraithe sin bhí Josiah Wedgwood, Sir Joseph Banks agus Alexander Nimmo.. Léiríonn an raon ábhar sa bhailiúchán a éagsúla a bhí ábhair spéise Edgeworth. Tá cuntas iontu ar chúrsaí oideachais agus ar chúrsaí polaitíochta, ar dhroichead agus ar chanálacha, ar chórais theileafóin, ar spioraicíní spéipeil agus ar rothaí carráiste.

Bailiúchán eile a fuair an Leabharlann sa bhliain 2009 ab ea páipéir an úrscéalaí agus an dramadóir Éireannaigh, Edna O'Brien. Cuimsíonn siad dréachtaí de *The Light of Evening*, *Wild Decembers*, a beathaisnéis den Tiarna Byron *Byron in Love* mar aon le drámaí agus comhfhreagras dá cuid.

Ar na héadálacha eile a fuair an Leabharlann bhí dialann Thomas Ashe, ina bhfuil cuntas ar a chuairt ar Stáit Aontaithe Mheiriceá chun airgead a bhailiú do Chonradh na Gaeilge, 1914; litreacha a scríobh Airt Ó Gríofa chuig Charles Murphy, bainisteoir nuachtán Uí

Ghríofa *Nationality*, 1917-18 fad a bhí sé i bpríosún i Sasana; bailiúchán breise páipéar a bhaineann le heastáit mhuintir Browne, Marcais Shligigh; litreacha a scríobh Ministéir de chuid Chumann na gCarad, J.R. Robson, chuid a bhean, 1847, ina ndéantar cur síos ar an mbail a bhí ar cheantair éagsúla in Éirinn le linn an ghorta; lámhscríbhinn de thuras trí dheisceart na hÉireann i bhfómhar na bliana 1841 ina ndéanann an t-údar cur síos ar bhailte agus ar radhairc a bhí ar eolas go maith, agus ar shráidbhailte agus ar ghráigeanna iargúlta; agus litir thábhachtach a scríobh Isaac Herzog, Príomhraibí na hÉireann, chuig an Phríomh-Bhreitheamh Hugh Kennedy maidir le sléacht ar Ghiúdaigh sa Ghearmáin le linn ré na Naitsíoch, 1933. Fuarthas chomh maith litir chlósscríofa ó **James Joyce chuig Sir Thomas Beecham, dar dáta Márta 1930, ina dtréaslaíonn Joyce** le Beecham as a chara, an teanór John Sullivan, a fhostú le haghaidh léirithe céad bliain 'Guillaume Tell' i Sasana.

Cuireadh le bailiúchán cartagrafach na Leabharlainne le héadáil Atlais Lámhscríbhinne Eastáit Urmhumhan le haghaidh Contae Thiobraid Árann, ar chuid d'eastát Chill Chais é a chuir gnólacht Londan Richardson, Cornfield agus Wharton ar pháir sa bhliain 1809. Tá ocht leathanach déag de léarscáileanna lán leathanaigh sa dá imleabhar agus liostaí cuimsitheacha de thionóntaí.

In Aibreán chuaigh Gerry Lyne ar scor ón Leabharlann Náisiúnta tar éis breis is 36 bliana de sheirbhís thiomnaithe. Chaith sé seal i ngach réimse den Leabharlann nach mór, ach ba i Rannóg na Lámhscríbhinní a chaith sé formhór a shaol oibre. D'oibrigh sé go díograiseach ansin chun bailiúcháin de lámhscríbhinní tábhachtacha a aithint a d'fhéadfadh an Leabharlann a fháil agus a chaomhnú agus a chur ar fáil chun críocha taighde.

Rannóg na mBailiúchán Clóite agus Radharcach

- **Leabhair Chlóite**

I measc na ndeonachán iomadúil a fuarthas i gcaitheamh na bliana bhí bronntanas eile leabhar maidir le saol na nGael i Meiriceá, ón 18ú haois go dtí an lá atá inniu ann, ó Stephen Griffin, Uasal. Cuimsíonn Bailiúchán Griffin breis is 5,000 imleabhar anois. Táimid go mór faoi chomaoin ag Mr Griffin as an ábhar a bhronnann sé ar an Leabharlann go tráthrialta, agus as a iarrachtaí chun ábhar a shainaitheint agus a fháil do Bhailiúchán Amharclannaíochta agus Drámaíochta Michael J O'Neill, ina bhfuil thart ar 1,600 imleabhar anois ar amharclannaíocht na linne seo i Meiriceá, i gCeanada agus san Eoraip.

I measc na mbronntanas a fuair an Leabharlann bhí saothair le húdair Éireannacha, atá aistriithe go teangacha Eorpacha éagsúla, ó Mhalartán Líteartha na hÉireann, a chuireann tacaíocht airgeadais ar fáil chun litríocht na hÉireann a aistriú go teangacha iasachta. Bronntanas fial ó Mrs Mary Boydell ab ea a bailiúchán leabhar, paimfléad, catalóg, tréimhseachán, ábhar grianghrafadóireachta agus ábhar gearrshaolach maidir le gloine agus gloineadóireacht.

Cuimsítear sa bhailiúchán seo, ina bhfuil breis is 900 mír, ábhar ar stair na gloine agus na gloineadóireachta, ar bhailiúcháin ghloine agus ar ghníomh an bhailithe, in Éirinn agus thar lear, agus acmhainn mhórluachmhar a bheidh ann do thaighdeoirí agus do staraithe sa réimse seo.

Táimid faoi chomaoin ag Anraí Ó Braonáin agus ag Donla Uí Bhraonáin a bhronn go fial ar an Leabharlann imleabhar ina bhfuil sé cinn de léarscáileanna d'Éirinn ó Imleabhar V de *Atlas novus* Joan Blaeu, a foilsíodh in Amstardam sa bhliain 1654.

Ba mhaith ár mbuíochas a ghabháil le hInstitiúid Teangeolaíochta Éireann (ITÉ) chomh maith as an mbailiúchán foilseachán, idir mhonagraif agus irisí, a bhronn siad orainn. Ábhar a d'fhoilsigh an ITÉ féin agus a cuireadh in imleabhar iad lena n-úsáid laistigh den Institiúid is mó atá ann. Tá dea-bhail ar na míreanna i gceist agus cuirfidh siad go mór leis an gcartlann náisiúnta d'ábhar clóite.

Éadail eile a fuarthas i gcaitheamh na bliana ab ea cóip rí-mhaisithe de Tour in Ireland le Arthur Young, ina bhfuil seacht gcinn is tríocha de na pictiúir bhunaidh. I measc na bpictiúr tá líníochtaí pinn is dúigh (ar a n-áirítear ceann de bhothán Éireannach nach ionann é agus an greannadh foilsithe), pleananna ailtreachta (lena n-áirítear Teach Bhaile an Chaisleáin agus Caisleán Shláine), léarscáileanna sceitse agus líníochtaí peann luaidhe. Tá fianaise ann a chuirfeadh i bhfios gurbh é an t-údar féin a rinne na pictiúir sin.

Bhí áthas orainn chomh maith bailiúchán substaintiúil d'ábhar clóite a fháil, cuid de a scríobh an t-ársaitheoir agus an file Sir Samuel Ferguson, agus cuid a scríobhadh mar gheall air.

▪ **Priontaí agus Líníochtaí**

Cuireadh roinnt breiseanna suimiúla le bailiúchán priontaí agus líníochtaí na Leabharlainne i gcaitheamh 2009. Fuarthas bailiúchán de shaothar an bhailitheora bonn agus an mhaisitheora leabhar William Theodore Parkes (1852-1907), ina bhfuil líníochtaí bunaidh agus líníochtaí prúfála clóite le haghaidh fógraí i dtaobh gnóthas éagsúil i mBaile Átha Cliath. Bailiúchán spéisiúil an bheidh anseo do mhic léinn agus do staraithe chúrsaí tráchtála agus miondíola i mBaile Átha Cliath ag deireadh an 19ú haois.

Fuarthas trí cinn d'eitseálacha le Edward Gordon Craig (1872-1966), stiúrthóir amharclainne, dearthóir agus greanadóir adhmaid, i gcaitheamh na bliana. Ainmníodh W. B. Yeats in inscríbhinn dhá cheann díobh. Ar an gcéad cheann, le haghaidh ceann de na maisc don dráma *On Baile's Strand* (Amharclann na Mainistreach, Baile Átha Cliath 1911) tá inscríbhinn bhronnta ó Craig go Yeats. Inscríobhadh an dara ceann, *Childe Roland [The Face of a Scene]*, in onóir Yeats chomh maith. Cairde ab ea Yeats agus Craig agus bhí spéis mhór acu beirt san amharclannaíocht. Bhain Yeats úsáid as scáileáin de chuid Craig sna drámaí a léirigh sé in Amharclann na Mainistreach.

Fuarthas sraith pictiúr bunaidh a rinne an t-údar agus maisitheoir leabhar leanaí Marie-Louise Fitzpatrick, i gcaitheamh na bliana. Is éard a bhí sa tsraith ná pictiúir do na leabhair phictiúr An Chanáil (1988), The Sleeping Giant (1991), The Long March (1998), Izzy and Skunk (2002), agus You, Me and the Big Blue Sea (2002). Beidh an bailiúchán seo mar chuid de shealbháin fhairsinge na Leabharlainne de phictiúir bhunaidh le haghaidh leabhar leanaí ó lámh maisitheoirí agus ealaíontóirí Éireannacha.

Fuarthas chomh maith bailiúchán uathúil de líníochtaí luibheolaíocha leis an Ridire Charles Langham (1894-1972). Tá na líníochtaí áille seo i gcúig cinn d'albaim, agus gach líníocht díobh sínithe, teideal air agus an saothar as a dtagann sé breactha síos. Tá suíomh agus dátaí na líníochtaí breactha síos chomh maith; ba as Fear Manach don ealaíontóir agus is ann a suíodh cuid mhaith díobh.

Ar na héadálacha móra eile in 2009 bhí pictiúr bunaidh uiscadhatha (Surprise of the Barrack of Prosperous) a rinne George Cruickshank le haghaidh History of the Irish Rebellion in 1798 (1845) le WH Maxwell agus portráid den scríbhneoir Joseph Horne le Norah McGuinness.

- **Ábhar Gearrshaolach**

Fuarthas bailiúchán mór d'ábhar Dolmen Press i gcaitheamh na bliana. Bailiúchán pearsanta Liam Miller (1924-1987), bunaitheoir an Dolmen Press, a bhí ann. Sa bhailiúchán tá sraith leabhar a bhain le Liam Miller, ábhar gearrshaolach agus ábhair eile lena n-áirítear paimfléidí, bróisiúir, catalógaí, réamheolairí agus páipéir. Tá roinnt míreanna uathúla ann, lena n-áirítear cóipeanna pearsanta, cuid acu a bhfuil nótaí breactha orthu.

Bhailigh an Leabharlann réimse ábhar a bhain leis na toghcháin áitiúla agus na toghcháin Eorpacha, lena n-áirítear póstaer, bileoga/fógrán, leabhráin eolais, agus ábhar gearrshaolach toghcháin i míonna na Bealtaine agus an Mheithimh, ó fho-thoghcháin Bhaile Átha Cliath Láir agus Bhaile Átha Cliath Theas an 5 Meitheamh 2009 agus ó reifreann Chonradh Liospóin 2009 an 2 Deireadh Fómhair 2009. Iarradh agus fuarthas ábhar ó bhail foirne, ó bhail den phobal, ó pháirtithe polaitiúla, eagraíochtaí, ó Theachtaí Dála neamhspleácha agus ó phreasoifigh. Mar a tharla i dtoghcháin roimhe sin, iarradh ar údarais leabharlainne contae agus cathrach ábhar toghcháin a bhailiú ina gceantar féin le bronnadh ar an Leabharlann Náisiúnta. Tá bailiúchán an-cuimsitheach d'ábhar den sórt seo ag an Leabharlann dá bharr.

- **Ceol**

Fuarthas albam annamh ceoil le William Vincent Wallace sa bhliain 2009, ina raibh deich gcinn d'amhráin agus píosaí don phianó mar aon le leathanaigh teidil a bhfuil pictiúir áille orthu. Ba iad William Hall & Son, Nua Eabhrach, a d'fhoilsigh agus tiomnaíodh an t-albam do Ladies of the United States, agus é dátaithe 1854, an bhliain ina ndearnadh saoránach de chuid na Stát Aontaithe de Wallace.

- **Tréimhseacháin agus Nuachtáin**

Cuireann breiseanna tábhachacha le bailiúcháin nuachtán agus tréimhseachán na Leabharlainne sa bhliain 2009. B'fhéidir gurbh iad na héadálacha ba shuntasáí ná an dá imleabhar de nuachtáin stairiúla: an *Hibernian Telegraph or Morning Star* (Baile Átha Cliath) sa tréimhse Feabhra 1797 go Feabhra 1798, agus an *Limerick Chronicle* sa tréimhse Meán Fómhair 1799 go Lúnasa 1801. Is cosúil, ón eolas atá ar fáil i bhfoinsí foilsithe leabhareolacha, gur ag an Leabharlann Náisiúnta amháin atá na heagráin sna himleabhair seo.

Ar na héadálacha tréimhseachán a fuarthas bhí *Éire Óg* (1917-1919), *United Irishman* (1889-1906), *An Gath* (1956) de chuid Seán South agus sraith de Irish Historical Studies maidir leis an tréimhse 1938-1997. Tá áthas ar leith orainn eagrán ceangailte facsimile deich n-imleabhar a fháil de 'The Jarvey', a bhronn Cumann Percy French ar an Leabharlann mar chomóradh ar thaispeántas Percy French / *The Jarvey* a eagraíodh sa Leabharlann i dtreo dheireadh na bliana.

Fuair an Leabharlann thart ar 27,000 eagrán aonair i gcaitheamh na bliana de thréimhseacháin agus de nuachtáin reatha. Lena chois sin fuarthas breis is 1,000 micreascannán de nuachtáin reatha.

- **Grianghraif**

Tá an Leabharlann buíoch de na deonacháin d'ábhar grianghrafach a fuarthas i gcaitheamh na bliana; ina measc bhí Bailiúchán Sleamhnán Joyce Connolly, grianghraf suimiúil d'Airt Ó Gríofa agus de Mhicheál Ó Coileáin, íomhánna de thimpiste aeir Kohler i mBaile an Róbha, Co. Mhaigh Eo sa bhliain 1935 agus albam Brooklands.

Fuarthas roinnt bailiúchán beag i gcaitheamh 2009, lena n-áirítear dhá cheann de bhailiúcháin chomhaimseartha: (i) íomhánna faisnéise leis an ngrianghrafadóir Meiriceánach Mark Jensen de bhíataigh i mbun oibre i gContae na Mí agus in iardheisceart na tíre ar taifead fíospéisiúil é de ghnóthais bheaga agus de na daoine atá ina mbun agus a oibríonn iontu, agus (ii) bailiúchán grianghraf le Emmett Martin a thaispeánann saol na ndaoine i gceantar Lábirtí Bhaile Átha Cliath. Fuarthas chomh maith bailiúchán grianghraf a bhaineann leis an Ridire Charles Gavan Duffy, mar aon le hábhar a bhaineann leis an gCunta John McCormack agus a theaghlach.

Seirbhís ar ardchaighdeán a fhorbairt do léitheoirí agus do chuariteoirí ar an Leabharlann

Líon na gCuariteoirí

Tá líon iomlán na gcuairteoirí ag dul i méid bliain i ndiaidh bliana. Ba é 138,809 líon na gcuairteoirí sa bhliain 2009, ar mhéadú beag é ar líon na bliana roimhe sin. Léirigh líon na gcuairteoirí ar an bPríomhsheomra Léitheoireachta méadú beag de 3% idir 2008 agus 2009. Mhéadaigh líon na léitheoirí lámhscríbhinní go mór ó Dheireadh Fómhair 2009. Tharla sé sin ag an am céanna gur chuir *Sources* faisnéis ar mhionscríbhinní ar fáil ó

Shamhain 2009; tugann Google rochtain dhíreach ar an fhaisnéis in *Sources*. Daoine faoi 30 bliain d'aois is mó atá sa líon breise a thugann cuairt ar an Leabharlann.

Ba mhó an méadú a tháinig ar líon na ndaoine a d'úsáid an tseirbhís ghinealais chomh maith. Bhain líon níos mó daoine úsáid as an Seomra Stair Theaghlaigh le linn mhíonna an tsamhraidh 2009 i gcomparáid leis an tréimhse chéanna sa bhliain 2008. Úsáideoirí áitiúla (seachas úsáideoirí ó lasmuigh den tír) is cúis leis an mhéadú agus is féidir cuid den mhéadú a chur síos don chlár teilifíse "Who do you think you are?" agus do chúrsaí nua oideachais ar ghinealas. Chuir an fhoireann shealadach den scoth a bhí ar fáil i gcaitheamh Shamhradh 2009 go mór le caighdeán na seirbhíse.

Ó thaobh na dtaispeántas de, tá tóir ar thaispeántas Yeats i gcónaí, agus mhéadaigh líon na gcuariteoirí de 10% ó 2008. Dhún an taispeántas Strangers to Citizens i mí Dheireadh Fómhair 2009.

Tá líon na n-amas ar shuíomh Gréasáin na Leabharlainne ag dul i méid i gcónaí, ba méadú de 37% ar fhigiúr 2008 líon na n-amas sa bhliain 2009. Tharla an líon ba mhó amas i Samhain 2009, méadú de 108% ar amais Shamhain 2008 a bhí sna 53,707 amas sa mhí sin. Tharla sé sin ag an am céanna gur seoladh *Sources*, an bunachar sonraí ar digiteach ar líne, i Samhain 2009.

Gheofar sonraí eile ar líon na gcuariteoirí in Aguisín 3. Staitisticí

Seirbhísí do Léitheoirí

Leanadh d'fheabhsuithe a dhéanamh ar sheirbhísí do léitheoirí. Sa bhliain 2009 cuireadh an bhéim ar sheirbhísí ar ardchaighdeán a fhorbairt d'úsáideoirí, trí na seirbhísí ar líne agus na seirbhísí athghrafacha a fheabhsú.

Tháinig méadú ar chuariteanna ó dhaoine aonair agus ó ghrúpaí ar an tseirbhís chomhairleach ghinealais agus fuarthas ardráta sástachta ó thurasóirí agus ó thaighdeoirí ginealais sa tír seo. Léiriú is ea an tseirbhís ar ghealltanais na Leabharlainne líon úsáideoirí níos leithne a mhealladh chun úsáid a bhaint as a seirbhísí.

Leathnaíodh áiseanna na n-úsáideoirí, mar shampla na háiseanna coipeála féinseirbhíse ionas gur féidir anois rudaí a chóipeáil ar an láthair ar chostas íseal, rud a shásaigh na custaiméirí go mór. Rinneadh cuíchóiriú ar na seirbhísí athghrafacha ionas gur féidir anois íomhánna ar ardchaighdeán a sholáthar de mhíreanna ó na bailiúcháin i mbeagán ama, rud a shásaigh na custaiméirí agus a thug sárлуach ar airgead.

Méadaíodh líon na seirbhísí tábhachtacha ar líne agus leathnaíodh iad go réimsí poiblí eile sa Leabharlann. Tacaíonn na seirbhísí ar líne le taighde léitheoirí agus laghdaíonn siad an gá atá le hábhair a lorg agus a cheadú, rud a shásaíonn na custaiméirí agus a mhéadaíonn ar chaomhnú.

Suiteáladh cáblú nua i gcodanna de phríomhfhoirgneamh na Leabharlainne agus beifear in ann seirbhísí áirithe a athphleanáil dá bharr. Bhí ar ár gcumas ríomhairí pearsanta nua a shuiteáil sa bhforhalla, leis an gcáblú nua, rud a thugann teacht bhreise ar sheirbhísí ar líne agus a chiallaigh gurbh fhéidir athphleanáil a dhéanamh ar cé mar a imlonnaítear baill foirne sa phríomhlimistéar tagartha.

Tá suirbhé á dhéanamh ar úsáid na seomraí léitheoireachta sa tráthnóna ó Dheireadh Fómhair i leith. Beidh torthaí an tsuirbhé seo mar bhonn eolais le cinntí a dhéanfar maidir leis an tslí is fearr le seirbhísí a sholáthar sa tráthnóna.

Cuireadh Cairt nua na Leabharlainne do Chustaiméirí i gcló sa bhliain 2009. Leagtar síos sa Chairt na caighdeán seirbhíse ar féidir lenár n-úsáideoirí a bheith ag súil leo ón Leabharlann, lena n-áirítear agaí freagartha agus an tslí a ndéileálfadh an Leabharlann le gearáin.

Digitíú agus forbairtí córas

Rinneadh tuilleadh oibre i gcaitheamh na bliana féachaint conas a bhféadfaí straitéis Faisnéise & Teicneolaíocht Chumarsáide na Leabharlainne a thabhairt chun críche. Gnó práinneach is ea tabhairt chun críche an phróisis seo.

Leanfar den obair dhian sa bhliain 2010 chun Córas Bainistíochta Leabharlainne nua a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear stór digiteach a bhunú a chumasóidh don Leabharlann ábhair a bhailiú, a chaomhnú agus a chur ar fáil i bhformáid leictreonach. Leanfar den obair chomh maith ar líonra limistéar stórais na Leabharlainne a fhorbairt chun soláthar a dhéanamh d'ábhair dhigiteach na Leabharlainne atá ag dul i méid i gcónaí.

Digitíú grianghraf

Tá mórthionscadal idir lámha chun na bailiúcháin is tábhachtaí de phlátaí gloine na Leabharlainne a dhigitíú agus tugadh a chéad chéim chun críche sa bhliain 2009. Digitíodh 35,000 grianghraf go caighdeán cartlainne, rud a chinnteoidh go gcaomhnófar ábhar na ngrianghraf agus go mbeidh teacht ag an bpobal orthu trí láithreán Gréasáin na Leabharlainne. Beidh na híomhánna inspéise do thaighdeoirí agus is feabhas mór seirbhíse iad a bheith ar fáil ar líne, ionas go mbeidh teacht ag daoine ar fud an domhain ar an híomhánna ag am ar bith. Is féidir ábhair a chuardach ar bhealaí nua san áis seo. Lena chois sin, baineann an Leabharlann úsáid níos fearr as a hacmhainní trí chomhaid dhigiteacha a chruthú ar féidir leis an fhoireann nach foireann ghrianghrafadóireachta iad iad a úsáid chun éileamh na gcustaiméirí ar chóipeanna a shásamh.

Roghnaigh Scoilnet Grianghraif Dhigiteach na Leabharlainne ar Líne mar Shuíomh Scoile na Seachtaine i mí an Mheithimh 2009 - www.scoilnet.ie/sow_v2_nli_images2009.shtm Roghnaíodh an áis mar gur sholáthair sé “bailiúchán dochreidte d’ábhair foinse phríomha a chlúdaíonn gnéithe éagsúla den saol in Éirinn.” I measc na ngnéithe a aibhsíodh bhí leitheadacht agus éagsúlacht na mbailiúchán, go gcuirtear sonraí riachtanacha tuairisciúla ar fáil, agus a fhurasta atá sé na bailiúcháin a chuardach agus a bhrabhsáil.

Sampla den méid atá an Leabharlann ag iarraidh a bhaint amach is ea tionscadal na bplátaí gloine, is é sin tréchur ard d'íomhánna digiteacha agus lear mór acmhainní digiteacha a bheith ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Leabharlainne. Príomhaidhm is ea í don bhliain 2010 réitigh a fháil ar cheisteanna foirne a d'eascair as an lánchosca reatha ar earcaíocht agus tabhairt faoi thionscadail dhigitithe ar an mórchoír. I láthair na huairé, tá obair dhigitithe ar siúl ar dhá cheann de na bailiúcháin thábhachtacha lámhscríbhinní – gníomhais Ormond agus léarscáileanna Longfield.

Digitíú na bhfoinsí bibleagrafaíoch I mí na Samhna 2009 sheol Martin Mansergh TD mórachmhainn ar líne na Leabharlainne, *Sources*, ina bhfuil 180,000 taifead de lámhscríbhinní agus d'ailt thréimhseacháin Éireannacha thar thréimhse 150 bliain. Tá *Sources* ar fáil saor in aisce ar shuíomh Gréasáin na Leabharlainne. Seo ceann de na hacmhainní is suntasaí ar domhan do phobal taighde na hÉireann, do staraithe áitiúla, agus don uile dhuine ar spéis leo aon ghné de chultúr na hÉireann nó de léann na hÉireann, bíodh sé an eolaíocht, an ailtireacht, an litríocht, an zú-eolaíocht nó stair theaghlaigh.

Chiallaigh tabhairt chun críche *Sources* gur cuireadh gach mórchatalóg Leabharlainne de lámhscríbhinní ar fáil ar líne. Mír thosaíochta a bheidh sé fós sa bhliain 2010 teacht ar chatalóga na Leabharlainne a fheabhsú trí chatalóga láimhe a thiontú go formáidí ar líne mar chuid d'aidhm na Leabharlainne an úsáid is fearr is féidir a bhaint as teicneolaíocht na faisnéise chun seirbhísí a sholáthar agus cuspóirí na Leabharlainne a bhaint amach.

Suíomh Gréasáin

Modh ríthábhachtach is ea an suíomh Gréasáin i gcónaí chun cumarsáid a dhéanamh le húsáideoirí na Leabharlainne. Feabhas mór ar sheirbhísí na Leabharlainne is ea é a bheith in ann teacht ar an dá mhórtionscadal digitithe – Grianghraif Dhigitheach ar Líne agus *Sources*: Bunachar Sonraí Leabharlann Náisiúnta na hÉireann le haghaidh Taighde Éireannach – ar líne agus is teimpléid iad d'fhorbairtí eile dá leithéid sa todhcháí. Fuair an suíomh Gréasáin 444,783 amas le linn 2009. Féachtar www.nli.ie

Oifig an Phríomh-Arait

Is iad feidhmeanna Oifig Phríomh-Arait na hÉireann ná taighde a dhéanamh ar Armas, chomh maith le harmas a dheonú agus a dheimhniú, in éineacht le hionchomhartha armais eile.

Chuir an Príomh-Arait síniú agus séala ar iomlán 25 ndeontas, deimhniú nó teistiú armais i gcaitheamh 2009. I measc na ndeontas pearsanta a deonaíodh nó a deimhníodh bhí Easpag an Dúin agus Choinnire nuacheaptha, an Sár-Oirmhinneach Noel Joseph Martin Treanor agus Easpag Achadh Conaire, an Sár-Oirmhinneach Brendan Kelly.

Rinneadh dhá cheann de Dheimhniú Armas 'corparáideacha' chomh maith. Comhairle Cathrach Luimnigh ab ea an chéad cheann díobh seo. Bhí sé tugtha faoi deara ag baill den Chomhairle Cathrach go raibh an t-armsa a samhlaíodh leis an gCathair le fada an lá neamhchláraithe agus mar sin nach raibh cosaint aige ar úsáid neamhoifigiúil. Rinne an

tArd-Mhéara John Gilligan iarratas thar ceann na Comhairle ar Phríomh-Arait na hÉireann ceart na Comhairle ar armais a dheimhniú ar bhonn úsáid fhada. Bronnadh doiciméad mór ag deimhniú armas don Chomhairle Cathrach, léirscríofa ar phár, ar an Ard-Mhéara agus ar an gComhairle Cathrach ag Príomh-Arait na hÉireann ag fáiltiú saoránach ag Halla na Cathrach i Luimneach an 28 Bealtaine, agus clúdaíodh an ócáid go fairsing sna meáin chlóite agus chraolta araon. Bronnadh an dara ceann de na Deimhniithe Armas 'corparáideacha' seo ar Choláiste Clongowes Wood, arís ar bhonn gléis a bhí in úsáid le fada an lá ach nár deonaíodh, nár deimhníodh nó nár cláraíodh riamh san Oifig.

D'fhonn cur le láithreach na hOifige ar líne, leanadh den obair i gcaitheamh 2009 chun na háiseanna leictreonacha aimsithe a fheabhsú agus ábhar eile a chur ar fáil trí shuíomh Gréasáin na Leabharlainne. Ba é an toradh ar chomhar le mic léinn i Roinn na Staire in Ollscoil Luimnigh, faoi cheannas an Dr Ciara Breathnach sa Roinn sin, ar ball de Choiste reachtúil ar Ghinealas agus Araltas í, ná gur scanadh *Consolidated index to the records of the Genealogical Office, Dublin* (Port Angeles, n.d.) de chuid Virginia Wade McAnlis agus cuireadh ar fáil i bhfoirm leictreonach é trí shuíomh Gréasáin na Leabharlainne. Rud eile a cuireadh ar fáil tríd an suíomh Gréasáin ba ea liosta de Rollaí Ginealaigh atá i mbailiúcháin Lámhscríbhinne na hOifige Ginealaigh. Tionsaíodh leabharliosta den chéad rogha i dtaobh ginealas, araltas agus stair theaghlaigh na hÉireann i gcomhar leis an fhoireann i Seirbhísí do Léitheoirí agus is féidir teacht air ar líne anois.

I Márta, foilsíodh bróisiúr nua iarratais agus faisnéise don Oifig, dar teideal *Ag Déanamh Iarratais ar Dheonú Armas*.

Ag deireadh na Samhna, chuaigh Fergus Gillespie ar scor óna phost mar Phríomh-Aralt, tar éis 38 mbliana seirbhíse i Leabharlann na hÉireann. Ba é an Príomh-Aralt ó ceapadh é ag Bord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann in 2005. Níor ghlacadh le haon iarratais nua ar dheonú armas ar feitheamh ar cheapachán nua.

Ionad SCI (ISSN) na hÉireann

Tá Ionad SCI na hÉireann freagrach as SCIanna a leithdháileadh (Sraithuimhreacha Caighdeánacha Idirnáisiúnta) ar gach sraithfhoilseachán a fhoilsítear i bPoblacht na hÉireann, as iarratais ar SCIanna a bhainistiú agus as na sonraí a tharchur chuig an mbunachar sonraí idirnáisiúnta SCI atá a choimeádtar ar fhreastalaithe in Montpellier na Fraince. Tá Ionad na hÉireann freagrach as breis is 5,000 taifead.

Sa bhliain 2009, sannadh 94 SCI nua, aistríodh taifead amháin de chuid an RA go dtí Ionad na hÉireann agus iontráladh nó leasaíodh 218 dtaifead. Rinneadh 1,235 teagmháil (le fón, facs, ríomhphost nó go pearsanta) le foilsitheoirí, lena áiríodh ceisteanna i dtaobh SCIanna (Sraithuimhreacha Caighdeánacha Idirnáisiúnta) agus barrachóid i gcoitinne. Is minic gur deis luachmhar í an teagmháil seo le foilsitheoirí lena n-oibleagáidí faoi théarmaí na taisce dlíthiúla, lena n-áirítear taisceadh leabhar, a chur i gcuimhne dóibh.

Taispeántas agus For-Rochtain

Leanadh de chlár gníomhaíochtaí na Leabharlainne don phobal i gcaitheamh na bliana, lenar áiríodh dhá thaispeántas mhóra in ionad Shráid Chill Dara agus chonacthas méadú ar líon na gcuariteoirí ar an taispeántas duais-bhuaiteach *Yeats: the life and works of William Butler Yeats* i gcomparáid leis an mbliain roimh sin. I mBealtaine 2009 leathnaíodh uaireanta poiblí an taispeántais go hiarnóin an tSathairn chun teacht a thabhairt do chuariteoirí breise ar an taispeántas. Ainmníodh míreanna idirghníomhacha sna taispeántais do Ghradam cáiliúil Ríomhrialtais 2009 (sa chatagóir Oideachas na hÉireann). Bhain an taispeántas áit ar an ngearrliosta do Dhámhachtain Mhúsaem Eorpach na Bliana.

I nDeireadh Fómhair dúnadh an taispeántas *Strangers to Citizens*, a bhí suite in 2-3 Sráid Chill Dara, agus a dhírigh ar imirce na nGael go Mór-Roinn na hEorpa ó 1600-1800. Tá i gceist leagan taistil den taispeántas seo a fhorbairt agus a chur ar fáil le dáileadh ar ionaid in Éirinn agus thar lear. *Gabhfaidh taispeántas nua dar teideal Discover your National Library of Ireland áit Strangers to Citizens go luath in 2010.*

Ba bhreá mar a d'éirigh le clár imeachtaí *Summer's Wreath* 2009 agus ar chlár na bliana seo bhí léamha am lóin agus súil siar ar fhilíocht agus ar dhrámaí Yeats ag aisteoirí, scríbhneoirí agus déantóirí scannán cáiliúla, a raibh Lorcan Cranitch, Jennifer Johnson, Nick Miller, Marina Carr, Neil Jordan, Robert Ballagh, Adrian Dunbar agus Robert O'Byrne ina measc. Bhí cúrsa tumtha aon lae ar Yeats i gceist leis an gclár chomh maith, a bhí curtha ar fáil ag an léachtóir ollscoile, Gerard Dineen. Cuireadh an-spéis i gceithre cinn d'imeachtaí tráthnóna, ag tosú le hócáid uathúil taibhithe agus athmhachnaimh ar fhilíocht WB Yeats le Bob Geldof KBE; comhar idir beathaisnéisí Yeats, an t-ollamh Roy Foster, agus príomhaisteoir clasaiceach na hÉireann, Fiona Shaw, ar an téama Yeats i ndeireadh a shaoil. Ina dhiaidh sin, léigh Mike Scott agus Steve Wickham as The Waterboys filíocht de chuid Yeats agus thug réamhamharc uathúil ar an gcóiriú nua ceolmhar atá déanta acu ar fhilíocht WB Yeats. Chuir Vincent Woods an t-úrscéalaí, gearrscéalaí agus dramadóir, Edna O'Brien, faoi agallamh mar gheall ar a cion ar shaothar Yeats agus craoladh an t-agallamh go beo ar an Arts Show ar RTÉ Radio ar 23 Meitheamh.

Ar na hócáidí eile a ceapadh mar thacaíocht le taispeántas Yeats bhí dhá chlár nua léachtaí. Rinneadh nasc idir sraith mar gheall ar Cheangail idir Éireannaigh agus Iodálaigh agus taispeántais na Leabharlainne agus ina measc bhí léachtaí ar naisc idir Yeats agus an Iodáil ón Dr Daragh O'Connell as Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, agus ón Ollamh Enrico Reggiani, Ollscoil Chaitliceach an Chroí Ró-Naofa, Milan. Ina theannta sin labhair an Dr Eric Heywood as an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, ar *Imagining Ireland in Renaissance Italy*. Cuireadh turais ar thaispeántas Yeats ar fáil i mBéarla agus in Iodáilis chomh maith chun na naisc idir Yeats agus an Iodáil a scrúdú.

Cuireadh tús le cineál nua sraith léachtaí i Meán Fómhair. In *Object Lessons: Yeats in Focus* cuireadh léacht ar fáil gach mí mar gheall ar réad a roghnaigh cuairteoirí ar thaispeántas Yeats. D'fhéach an chéad léacht, a thug an Dr Peter Martin, ar *Yeats and Censorship*; an mhí dár gcionn labhair an tOllamh Margaret Mills Harper (Ollscoil Stát Georgia) ar *Yeats and the Occult*; agus i léacht deiridh na bliana labhair an tOllamh Harry White MRIA (An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath) ar *Yeats, music and the psaltery*.

Leanadh de shraith léachtaí Strangers to Citizens le léacht ó Tom Bartlett ar 'The Wild Geese: writing the history of Irish soldiers in French services, 1690 – 1815'; ón Dr Liam Chambers (Ollscoil Luimnigh) ar 'The Irish College in Early Modern Europe'; ón Dr Diego Téllez Alarcia ar 'The Irish in the Spanish Empire 1602-1821' agus thug an Dr Marian Lyons agus an Dr Thomas O'Connor, comhchoimeádaí an taispeántais, léacht deiridh na sraithe ar Thionscadal na nGael san Eoraip.

Ar na taibhithe amharclainne a cuireadh i láthair sa Leabharlann i gcaitheamh na bliana bhí taibhiú réamhléirithe a rinne Cove Productions de dhráma Joe Joyce, *The Tower*, agus sraith de thaibhithe am lóin samhraidh de shaothair dhrámatúla Yeats a thug Dublin Lyric Players uathu - *The Cat and Moon* agus *The Only Jealousy of Emer*.

Thug an tOllamh Robert Schmuhl an 2009 RI Best Memorial Lecture dar teideal *Easter 1916 and America: a provisional appraisal*. Is é an tOllamh Schmuhl an Walter H Annenberg-Edmund P Joyce Professor of American Studies and Journalism ag Ollscoil Notre Dame. Ba í an Dr Bernadette Whelan, Léachtóir Sinsearach, Roinn na Staire, Ollscoil Luimnigh, a d'fhreagair léacht an Ollaimh Schmuhl.

Bhí an-ráchairt ar shraith na n-agallamh poiblí duine ar dhuine a cuireadh ar údair cháiliúla, darb ainm *Library Late*, arís i gcaitheamh 2009. Díríodh sraith earraigh/samhraidh *Library Late* ar fheachtais agus ar stocaireacht agus cuireadh agallaimh ar an Ollamh Stephen Knowlton (DCU), ar an Dr Garret Fitzgerald agus ar Stephen Collins. Ina theannta sin thug Mary Broderick, coimeádaí de chuid na Leabharlainne, léacht ar bhuaicphointí "Bailiúchán Ábhair Ghearrshaolaigh Pholaitiúil na Leabharlainne". Díríodh sraith an fhómhair/an gheimhridh ar spórt agus ar scríbhneoireacht spóirt agus cuireadh agallamh ar Dermot Weld agus Mickey Harte agus eagraíodh díospóireachtaí painéil ar 'Spórt agus Áit' le Eugene McGee, Alan English agus George Hook agus ar 'Tabhair an Spórt ar ais DÚINNE' le Eamon Dunphy agus David Walsh. Lena chois sin, rinne RTÉ scannán mar gheall ar ábhar polaitiúil i mbailiúchán ábhar gearrshaolach na Leabharlainne le haghaidh clár *Morning Ireland* agus *The Week in Politics* le rannchuidiú ó Mary Broderick, John Bowman agus Stephen Collins. Chuir an Dr Patrick Geoghegan Mary Broderick faoi agallamh mar gheall ar an mbailiúchán ábhair ghearrshaolaigh le haghaidh *Talking History* ar Newstalk 106-108 fm.

Bíonn an comórtas bliantúil reacaireachta filíochta, POETRY ALOUD, a bhíonn ar oscailt do gach dalta meánscoile ar oileán na hÉireann, bíonn sé eagraithe ag an Leabharlann i gcomhar le Poetry Ireland. Mheall an comórtas breis is 1000 iontráil sa bhliain 2009 agus eagraíodh craobhchomórtais réigiúnacha ag ionaid ar fud an oileáin. Ba iad na daoine a bhí ar phainéal na moltóirí le haghaidh na mbabhtáí ceannais ná Stiúrthóir Poetry Ireland, Joseph Woods, agus na filí Nuala Ní Dhomhnaill agus Denis O'Driscoll. Reáchtáladh an comórtas ceannais i gColáiste Wesley, Baile Átha Cliath, agus ba í an tUachtarán, Máire Mhic Ghiolla Íosa, a bhronn a nduaiseanna ar an buaiteoirí. Ba é John King, ó Choláiste Belvedere, Baile Átha Cliath, an príomhbhuaiteoir agus buaiteoir an Chatagóra Idirmheánaigh. Ar na buaiteoirí eile a bhí i gceist bhí Liam

O'Brien, Meánscoil na Toirbhearta, Baile an Gharraí, Co Thiobraid Árann (Catagóir Sóisearach) agus Ailbhe Joyce, Pobalscoil Mhaighean Rátha, Co. Laoise (An Catagóir Sinsearach). B'údar áthais don Leabharlann é chomh maith fáilte a fhearadh roimh Seamus Heaney, File an Stáit, chuig searmanas na nduaiseanna. I gcaitheamh na bliana fuair an file Duais Clarissa Luard, a riarann Arts Council England, agus mar chuid den duais sin, roghnaigh sé Poetry Aloud mar fhaighteoir na fodhuaise dar teideal an David Cohen Prize.

Bhí an Leabharlann bainteach arís le Seachtain bhliantúil Leabharlann na hÉireann, arna eagrú ag Cumann Leabharlainne na hÉireann. Mar chuid de cheiliúradh leabharlann ar fud na tíre, bhí dhá léacht sa Leabharlann i Márta, agus an-ráchairt orthu: *By Tooke or by Crooke: Mary Crooke and Dublin 17th Century Print Trade* a thug Carol Maddock agus *Hidden in Plain Sight: Uncovering Irish Women's History from the Manuscripts of the National Library* ón Dr Sonja Tiernan. I bhfómhar na bliana bhí an Leabharlann páirteach sna cláir bhliantúla dar teideal *Oíche Chultúir* (arna reáchtáil ag Iontaobhas Cultúrtha Bharra an Teampaill) ar fud na cathrach agus arís mheall siad sin líon mór cuairteoirí nua isteach sa Leabharlann.

In Aibreán d'óstáil an Leabharlann Collóiciam Taighde James Joyce UCD agus mar chuid de cheiliúradh 2009 ar Bloomsday (arna eagrú ag Ionad James Joyce, Baile Átha Cliath) thug John McCourt, stiúrthóir Scoil Shamhraidh James Joyce i dTrieste, léacht ar *Hugh Leonard's 'Stephen D'*. In Iúil, d'óstáil an Leabharlann seoladh Scoil Shamhraidh James Joyce i mBaile Átha Cliath, a bhíonn á eagrú ag an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath i gcomhar leis an Leabharlann, Coláiste Bhostúin in Éirinn agus Ionad James Joyce, Baile Átha Cliath.. Eagraíodh sraith ceardlann a bhí á stiúradh ag saineolaithe atá sainoilte i léamh ábhartha agus stairiúil shaothair Joyce.

Bhí an Leabharlann thar a bheith sásta dhá thaispeántas ar iasacht a chur i láthair i gcaitheamh na bliana. Ina measc seo bhí tionscadal taispeántas lasmuigh den lathair de chuid Ghailearaí Dhúglas de hÍde, *The Preponderance of the Small*. Chun saothair le healaíontóirí óga atá ag obair in Éirinn a thaispeáint, chuir an Leabharlann *The Found Bookmark Project*, le Niall de Buitléar, i láthair. Chuir an Leabharlann taispeántas taistil i láthair idir Deireadh Fómhair agus Nollaig ar Percy French (1854-1920) mar aon le *The Jarvey*. Mar chomhlánú ar an taispeántas, a fuarthas ar iasacht ó Chumann Percy French, bhí eagrán bhunaidh de *The Jarvey*, ó bhailiúchán na Leabharlainne féin. Tionscadal comhoibritheach rathúil idir an Leabharlann agus an Cumann a bhí sa taispeántas.

Sa Chartlann Náisiúnta Ghrianghrafadóireachta (CNG) cuireadh tús le bliain na dtaispeántas le *A Bird's Eye View*, ar thaispeántas é de ghrianghraif ón aer, a d'oscail i mí na Samhna 2008 agus a bhí ag tarraingt cuairteoirí go dtí a chríochdháta i mí Feabhra. Ba é a lean é ná *D. James Galbraith's Ireland* a raibh an-ráchairt air agus a mhair ó Márta go Meitheamh. I Meitheamh, chuir an CNG taispeántas bliantúil de shaothair Chéimithe Scoil Ghrianghrafadóireachta DIT i láthair. In Iúil, osclaíodh taispeántas de ghrianghraif Elinor Wiltshire dar teideal *If Ever You Go to Dublin Town*. Cuireadh an taispeántas sin i láthair den chéad uair sa bhliain 1999 agus íomhánna de chathair Bhaile Átha Cliath sna 1950í agus sna 1960í is mó a bhí ann. Bhí an-ráchairt air in 2009 agus lean sé go deireadh

na bliana. I Meán Fómhair, chuir an CNG taispeántas beag grianghraf i láthair dar teideal *Through a Swedish Lens – images of early twentieth century Irish Life* ón mBailiúchán Náisiúnta Béaloidis sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.

Lena chois sin, chuir an CNG a cuid taispeántas ar fáil d'institiúidí eile ar fud na tíre. Cuireadh an taispeántas grianghrafadóireachta *Island Life* i láthair i Músaem Contae Dhún na nGall, agus *For the Safety of All*, atá bunaithe ar bhailiúchán grianghraf Choimisinéirí Soilse na hÉireann, i láthair ag Féile Iorrais, Béal an Mhuirthead, Co. Mhaigh Eo agus i Leabharlann James Hardiman, An Coláiste Ollscoile, Gaillimh araon. Baineann na taispeántais seo go háirithe leis na ceantair atá i gceist.

Caomhnú

Bliain ghnóthach ab ea 2009 don rannóg Caomhnaithe i ngach roinn agus i ngach ceann de ghníomhaíochtaí na Leabharlainne. Sheol an fhoireann Caomhnaithe ceardlanna don fhoireann ar fad i mí Iúil a chlúdaigh na slite ina gcuirtear na bailiúcháin i mbaol agus bealaí le drochéifeachtaí láimhsithe a íoslághdú. Ina dhiaidh sin eagraíodh ceardlanna ar cheisteanna a bhaineann go sonrach leis na bailiúcháin Lámhscríbhinní agus Ábhair Ghearrshaolaigh. Cuireadh oiliúint ar fáil do shaorálaithe a bhíonn páirteach i dtionscadail athstórála sna bailiúcháin Priontaí, Líníochtaí agus Ceoil agus cuireadh comhairle ar fhoireann na ranna sin. Athbhreithníodh agus tugadh cothrom le dáta na hábhair agus an trealamh agus ceapadh dearthaí nua chun go bhféadfaí míreanna bailiúcháin a iompar ar shlí níos fearr. Athbhreithníodh agus tugadh cothrom le dáta na treoirlínte láimhsithe do léitheoirí a úsáideann an príomhsheomra léitheoireachta.

Cuireadh ceardlanna ar fáil do leanaí le hiad a chur ar an eolas faoi chúram na mbailiúcháin. D'fhreastail líon iomlán ar an dá seisiún in Aibreán agus i Lúnasa agus ba dhearfach an t-aiseolas a fuarthas ó rannpháirtithe. Scríobh an fhoireann Caomhnaithe treoirlínte agus chuir siad ceardlann i láthair do ghrúpa féile Bhealtaine i gCo. Loch Garman, "The Magpie's Nest", agus thug siad caint uathu do shaorálaithe treoraithe turais Bhealtaine ar ghnéithe caomhnaithe agus buanchoimeáda de thaispeántas Yeats.

Mhaoirsigh an fhoireann Caomhnaithe obair an triúir intéirneach caomhnaithe i gcaitheamh na bliana, Ms Ketti Angeli, ar chomh-mhaoinigh an Chomhairle Oidhreachta a hintéirneacht bliana, Ms Rebecca Regan, arb í intéirneach Chomhairle Oidhreachta 2009-10 na Leabharlainne, agus Ms Francesca Lemass, a chríochnaigh dhá intéirneacht trí seachtaine le linn mhíonna Iúil agus Mheán Fómhair. Ba mhór mar a rannchuidigh ionchur Ketti Angeli chun bunachar sonraí a fhorbairt agus a chur chun feidhme bunaithe ar mhodúil chomhchosúla ag an Royal Commission on the Ancient and Historical Monuments of Scotland agus ag an National Archive, Kew. Leis an mbunachar sonraí seo is féidir suirbhéanna ar bhailiúcháin a thairgeadh, caomhnú a lán-doiciméadú agus doiciméadú grianghrafach a dhéanamh. Tá tús curtha ag intéirneach nua Caomhnaithe na Comhairle Oidhreachta, Rebecca Regan, ar threoirthionscadal chun bailiúchán Gníomhas Urmhumhan na Leabharlainne a chaomhnú. I gceist anseo tá grianghraif a ghlacadh de rogha gníomhas ina riocht i láthair na huair, pleananna cóireála idirghabhálacha agus

caomhnaithe a cheapadh, córais stórais a dhearaidh agus cóireáil chásta caomhnaithe a dhéanamh ar phár.

I Meitheamh chuir an rannóg Caomhnaithe tús le hullmhúcháin don taispeántas 'Discover your National Library'. I gceist ansin bhí measúnuithe riochta, cóireáil chaomhnaithe, dearadh agus cóirú cliabháin leabhar/gléastaí fuinneoige cartlainne, caomhnóireacht agus aistriú réad le linn scannánaíocht ceithre lá le haghaidh an taispeántais, agus suiteáil réad in aon cheann déag de chásanna taispeántais. B'éigean suirbhéanna riochta a dhéanamh ar bhreis is 65 réad breise roimh iad a dhigitiú agus a chur ar taispeántas go digiteach. Bhí baill den fhoireann Caomhnaithe freagrach as cásanna taispeántais a ullmhú lena áiríodh tuairsciú ar chaighdeán a aithnítear go hidirnáisiúnta agus na caighdeán sin a shroicheadh i ndálaí comhshaoil lena n-áirítear leibhéil solais, taisea agus teochta. Lena chois sin d'ullmhaigh agus shuiteáil baill den fhoireann Caomhnaithe seacht gcinn de thaispeántais bheaga sealadacha sna trí chas taispeántais amach ón bpríomh-halla agus chomhairligh siad maidir le caibinéid taispeántais nuálacha i bhfoirm tarraiceán a cheannach le haghaidh taispeántas beartaithe Lifelines atá le hoscailt sa bhliain 2010. Bhí raon taispeántas agus taispeántaí á n-ullmhú i gcónaí ag foireann Caomhnaithe sa Chartlann Náisiúnta Grianghráfadóireachta i mBarra an Teampaill agus rinneadh siad monatóireacht agus cothabháil ar thaispeántaí i dtaispeántas Yeats agus i dtaispeántas Strangers to Citizens.

Lean Delmas Conservation Bindery d'obair a dhéanamh ar son na Rannóg Priontaí agus Líníochtaí, Leabhar Clóite agus na Lámhscríbhinní i gcaitheamh na bliana. Áiríodh air sin naoi gcinn d'imleabhar lámhscríbhinní, an ceann ba shuntasá ab ea "leabhar gearthóg" ollmhór casta a chlúdaíonn gairmré an Ridire Edmund Dwyer Gray MP. Cuid den ullmhúchán leanúnach don digitiú atá beartaithe ar Bhailiúchán na bPortráidí Éireannacha ab ea an 328 mír a caomhnaíodh agus a athstóráladh.

Tionscnaíodh córas atreoraithe Caomhnaithe i gcomhar le gach roinn bailiúcháin agus seirbhísí i mí Iúil a ghabh áit logleabhar na míreanna damáistithe i seomra léitheoireachta na Lámhscríbhinní agus sa Phríomhsheomra Léitheoireachta araon. Bhí sé de thoradh ar threoirscéim a bhí i bhfeidhm ó Mheán Fómhair ar aghaidh go ndearnadh suirbhé, cóireáil agus stóráil cartlainne ar 134 mhír idir mhíreanna nach mbíonn le fáil ach go hannamh agus mhíreanna a mbíonn tóir rialta orthu ón mbailiúcháin ginearálta Éireannach, ó bhailiúchán Joly agus ó Oifig an Leabharlannaí.

Soláthraíodh treoirínte próiseála agus stórála agus cuireadh i bhfeidhm iad i gcás paimfléad agus ábhar clóite eile de chuid na Leabharlainne, agus i gcás bailiúcháin léarscáileanna ar leith. Leanadh do mhíreanna a shainaithint a bhfuil cóireáil chaomhnaithe de dhíth orthu. Thángthas ar réiteach leis na rannóg Tréimhseachán agus Seirbhísí maidir le nuachtáin bhoscaithe a eisiúint sa príomhsheomra léitheoireachta agus cuireadh Céim 1 de thionscadal chun bailiúcháin na dToghchlár a athstóráil i gcrích le cúnaimh beirt saorálaithe i dtréimhse coicíse i mí Iúil.

Léirigh na tuilte móra a bhuaill cathair Chorcaí i mí na Samhna an baol mór don Leabharlann ó staideanna tubaiste. Thairg duine de chaomhnóirí na Leabharlainne,

Louise O'Connor, bheith páirteach i bhfoireann de dháréag caomhnóirí idirdhisciplíne ar fud an tíre chun breis is 180 cinn de shaothair ealaíne comhaimseartha nárbh fhéidir a luach a mheas a tharrtháil ag Dánlann Ealaíne Glucksman, An Coláiste Ollscoile, Corcaigh.

Bliain an-bhisúil ab ea í don cheanglann Chaomhnaithe agus mar aon le cúnamh ginearálta a sholáthar in obair laethúil na Rannóige Caomhnaithe, thug siad 1086 ceangal caomhnaithe chun críche mar aon le 1,913 bosca aonair le haghaidh míreanna ó gach réimse agus bailiúchán sa Leabharlann. I dtionscadal speisialta maidir le bailiúchán Stephen Griffin stóráladh 373 seaicéad leabhair go sábháilte agus deisíodh 103 díobh sin. Lena chois sin, mar chuid den obair leanúnach atá ar siúl chun clúdaigh chosanta ar chaighdeán cartlainne a sholáthar do na leabhair uathúla i mbailiúchán Oifig an Leabharlannaí cosnaíodh 175 leabhar eile ar an dóigh sin.

Priontaí agus Líníochtaí

Bhí obair ar siúl i gcónaí ag Delmas Conservation Bindery ar ábhar den chéad scoth ó na bailiúcháin Priontaí agus Líníochtaí. Caomhnaíodh 328 bportráid ó bhailiúchán portráidí Elmes i gcaitheamh na bliana agus ina measc bhí: portráidí Toise I (242 mhír) agus portráidí Toise III (86 mhír).

Rinne Ketti Angeli, intéirneach comhantais, obair shuntasach chaomhnaithe ar imleabhar de bhailiúchán ceangailte ceoil a bhain le bean darbh ainm Mrs Hudson san 18ú haois. Ceol coitianta ó 1770-1790 is mó a bhí san imleabhar, agus priontáladh an ceol ar fad i mBaile Átha Cliath. Bhí an-drochbhail ar an imleabhar agus b'éigean idirghabhálacha casta a dhéanamh len é a dhéanamh cobhsaí san fhadtéarma agus a chruth bunaidh a choimeád ag an am céanna.

Tugadh faoi roinnt tionscadal stórála agus athstórála i gcaitheamh na bliana. Mar shampla, d'éirigh linn tionscadal athstórála Phortráidí Elmes Toise I a chur i gcrích. B'éigean gach prionta portráide a bhaint as córas cairtchláir trí pháirt agus é a athstóráil i gcóras stórála trí pháirt i bhfillteáin agus i mboscaí caomhnaithe. Bhí ar ár gcumas an t-achar stórais a bhí in úsáid ag na portráidí Toise I a laghdú de 80% dá bharr.

Ar na tionscadail eile a cuireadh i gcrích bhí Portráidí Breataineacha Toise II (1,800 mír) agus Toise III (960 mír) a chur i bhfillteáin agus i mboscaí caomhnaithe, agus na Pictiúir Loinge i mBailiúchán Pictiúr Loinge Murrogh V O'Brien a athstóráil i mboscaí Myler agus i mboscaí ceangláin fháinnigh (900 leathán). Cuireadh tús chomh maith le bailiúchán ceoil Bryden Thomson a aistriú go fillteáin agus go boscaí caomhnaithe, agus d'éirigh linn 408 mír a aistriú sa bhliain 2009.

Tionscadal Caomhnaithe Léarscáileanna na Suirbhéireachta Ordanáis

Leanadh den obair ar léarscáileanna Shuirbhéireacht Ordanáis na hÉireann a chaomhnú, atá mar chuid de bhailiúchán Priontaí agus Líníochtaí na Leabharlainne. Is éard atá i gceist sa tionscadal na léarscáileanna a bhaint as cheangail fhochaighdeáin, iad a ghlanadh agus a dheisiú, agus a athstóráil i bhfillteáin atá ar chaighdeán cartlainne. Lena

chois sin, cuirtear sonraí gach léarscáile a phróiseáiltear isteach i mbunachar sonraí chun go mbeidh taifead cruinn againn de shealbháin léarscáileanna Suirbhéireachta Ordanáis na Leabharlainne. Cuireadh 3,847 taifead leis an mbunachar sonraí i gcaitheamh na bliana. Próiseáladh aon imleabhar déag de léarscáileanna le linn 2009, ina raibh 742 léarscáil (146 léarscáil 25 orlach agus 596 léarscáil 1 orlach).

Forbairt na hEagraíochta

Rialachas agus Bainistíocht Airgeadais

Luach Saothair an Stiúrthóra

De réir an ‘Chód Cleachtas do Rialachas Comhlachtaí Stáit’ tá an Leabharlann géilliúil go hiomlán do bheartas an Rialtais maidir le pá na bpríomhfheidhmeanaigh agus na bhfostaí comhlachtaí stáit agus le treoirlínte an rialtais um tháillí a íoc le comhaltaí Boird. Tá pá an Phríomhfheidhmeanaigh/Stiúrthóir na Leabharlainne ag cloí leis an scála tuarastail do Phríomhoifigeach ar Scála Ard. Níor íocadh luach saothair bhreise ar bith leis an Stiúrthóir.

Eitic in Oifigí Poiblí

Comhlíonann an Leabharlann na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001. Bhí 28 ball foirne ag obair sa Leabharlann i bpoist fostaíochta ainmnithe i gcaitheamh 2009. Tá gach ball de Bhord na Leabharlainne ina stiúrthóirí ainmnithe ar mhaithe le cuspóir na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001. Déanann fostaithe agus stiúrthóirí ainmnithe ráitis leasa go bliantúil i leith na bliana roimpi sin in Eanáir. Coimeádtar clár leasanna.

Saoráil Faisnéise (SF)

Leanann an Leabharlann de chomhlíonadh na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003. Fuair an Leabharlann cúig iarratas ar Shaoráil Faisnéise i gcaitheamh 2009, ar ceadáíodh dhá cheann acu go hiomlán, dhá cheann go páirteach agus diúltaíodh ceann amháin. Tháinig dhá iarratas ó iriseoir; tháinig dhá cheann ó ghrúpaí gnó/sainleasa agus ceann ó fhoinsí príobháideacha / ó fhoinsí eile.

Bainistíocht Airgeadais

Fuair an Leabharlann maoiniú de €10,742,000 ón Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta sa bhliain 2009. Seo mar a leithdháileadh é:

- Pá €3,386,000
- Neamhphá €3,856,000
- Caipiteal €1,500,000

Lean an fhoireann Airgeadais de bheith ag comhordú agus ag soláthar an bhuiséid inmheánaigh bhliantúil agus aighneacht na Meastachán i gcomhar le sealbhóirí buiséid na Leabharlainne, agus ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais Bhliantúla.

D'oibrigh an fhoireann Airgeadais le soláthraí sheirbhís iniúchta inmheánaigh na Leabharlainne, TRIBAL/HELM Ltd, agus leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste chun na cláir iniúchóireachta don bhliain a thabhairt chun críche agus moltaí iniúchóireachta a chur chun feidhme.

Ba é Coiste Iniúchóireachta na Leabharlainne a chinn plean iniúchóireachta inmheánaí na bliana 2009 tar éis anailís a dhéanamh ar an bpríacal dá nochtar an Leabharlann. Tugadh an plean don bhliain chun críche go rathúil agus rinneadh iniúchtaí ar na nithe seo a leanas mar chuid de:

- Taisteal agus cothabháil
- Stoc
- Caomhnú
- Bainistíocht tionscadail
- Téarnamh i ndiaidh tubaiste
- Cur i bhfeidhm na moltaí iniúchóireachta

Bainistíocht agus Forbairt Acmhainní Daonna

I Márta 2009, d'fhógair an Rialtas lánchosc ar earcaíocht sa tseirbhís phoiblí. De bhreis ar an ngnáthlíon daoine a théann ar scor ag aois 60/65 gach bliain, bhain roinnt baill foirne de chuid na Leabharlainne leas as scéim luathscoir na seirbhíse poiblí agus níorbh fhéidir aon cheann de phoist chonradh téarma socraithe na Leabharlainne a líonadh nó a athnuachan, ionas go raibh laghdú de thart ar 9% tagtha ar líon na croífhoirne ag deireadh 2009.

D'fhorbair an Leabharlann a cláir do mhic léinn agus do shaorálaithe, ionas go raibh ar a cumas taithí oibre den scoth a thairiscint do mhic léinn agus do dhaoine eile a d'iarr taithí oibre, idir dhaoine ó Éirinn agus dhaoine ó thíortha eile, rud a chuaigh chun sochair na Leabharlainne agus na ndaoine a bhí i gceist.

Bhí an Córas Forbartha um Bainistíocht Feidhmíochta (PMDS) á chur i bhfeidhm agus á fhorbairt ag an Leabharlann i gcónaí i gcaitheamh 2009.

Tugadh tús áite do Phlean Oiliúna agus Forbartha na Leabharlainne 2008-2010 i gcónaí sa bhliain 2009. Cuireadh oiliúint ar fáil d'fhoireann na Leabharlainne, lena áiríodh oiliúint do bhainisteoirí agus d'ábhar bainisteoireachta, oiliúint do bhainisteoirí maoirseachta, oiliúint i seirbhísí do chustaiméirí agus cúrsaí oiliúna i mBainistíocht na Faisnéise. Tá an Leabharlann aireach do thábhacht an mheas agus na dínite ag an obair agus mar sin cuireadh oiliúint ar fáil don fhoireann ar fad i dtaobh na bulaíochta, an chomhionannais agus na héagsúlachta. Cuireadh tacaíocht ar fáil chomh maith do bhaill foirne chun go bhféadfaidís freastal ar shainchúrsaí agus ar shainseimineáir oiliúna lena

áiríodh oiliúint theicniúil chun an fhoireann a choimeád ar an eolas mar gheall ar na teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn.

Tugadh aird ar leith ar oiliúint shláinte agus sábháilteachta sa Leabharlann in 2009, agus cuireadh seisiúin oiliúna ar fáil don fhoireann ar fad i dtaobh ráiteas sláinte agus sábháilteachta na Leabharlainne, láimhsiú agus imlonnú éigeandála.

Cuireann an Leabharlann an-bhéim ar dhea-chleachtas tinrimh mar a chuir i gcónaí agus tugadh córas nua ama agus tinrimh isteach sa bhliain 2009. Fostaíonn an Leabharlann Soláthraí Cúnaimh d'Fhostaithe agus Dochtúir Sláinte Ceirde chun tacú le foireann na Leabharlainne nuair is gá.

Seoladh dréacht-scéimeanna aoisliúntais chuig an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta dá bhformheas de réir Alt 33 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997. Eisíodh ráitis sochar chuig an bhfoireann go léir i Márta, inar leagadh amach na teidlíochtaí pinsin measta.

D'éirigh leis an Leabharlann caighdeán FÁS *Scothsheirbhís ó Scothfhostaithe* a bhaint amach, arb é an Caighdeán Bainistíochta Acmhainní Daonna Náisiúnta é. Chuir an Leabharlann an Searmanas Dámhachtainí i láthair le haghaidh suas le 60 eagraíocht. Bhronn Seán Haughey TD agus an tAire um Fhoghlaím ar Feadh an tSaoil an Dámhachtain ar an Stiúrthóir Aongus Ó hAonghusa, Uasal.

Foirgnimh, Slándáil, Sláinte agus Sábháilteacht

Mar a tugadh ar aird roimhe seo, is beag dul chun cinn a rinneadh maidir leis an áis stórála bheartaithe a thógáil ar champas na Leabharlainne díreach amach ó Shráid Chill Dara atá riachtanach d'fhorbairt bhonneagar iomlán na Leabharlainne agus do shlándáil agus do chaomhnú bhailiúcháin na Leabharlainne.

Suiteáladh cáblú nua i gcodanna de phríomhfhoirgneamh na Leabharlainne agus beifear in ann seirbhísí áirithe a athphleanáil dá bharr. Bhí ar ár gcumas ríomhairí pearsanta nua a shuiteáil sa bhforhalla, leis an gcáblú nua, rud a thugann teacht bhreise ar sheirbhísí ar líne agus a chiallaíonn gur féidir athphleanáil a dhéanamh ar an tslí a imlonnaítear baill foirne sa phríomhseomra tagartha.

I gcaitheamh 2009 bhí bearta breise rialaithe á gcur chun feidhme i gcónaí ag an Leabharlann, bearta a sainaithníodh i measúnuithe ar phriacal na Leabharlainne chun priacail sláinte agus sábháilteachta a laghdú i ngach ceann d'fhoirgnimh na Leabharlainne lenar áiríodh bearta breise cosanta ar dhóiteáin a shuiteáil sna háiteanna ba mhó priacail, leithéidí an Sciatháin Thiar.

Rinneadh feabhsú breise ar chóras teilifíse ciorcaid iata (CTCI) na Leabharlainne nuair a suiteáladh ceamaraí breise ag an tslí isteach ar chúl na Leabharlainne, mar aon le trealamh nua monatóireachta CTCI i bhforhalla na Leabharlainne, sna háiteanna taispeántais agus sna caiféanna, a mbíonn baill foirne ag déanamh monatóireachta air i gcónaí.

Tugadh próiseas tairiscintí chun críche i Meitheamh 2009 do sheirbhís slándála lasmuigh d'uaireanta oibre agus chuaigh cuideachta nua i mbun oibre i Lúnasa 2009.

Iontaobhas Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

Cuireann Iontaobhas Leabharlann Náisiúnta na hÉireann meicníocht ar fáil trínar féidir le daoine tacú leis an Leabharlann trí dheonachán nó trí thiomnacht a dhéanamh. Is comhlacht formheasta é an Iontaobhas de réir chiall alt 848a den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997. Is féidir le deonacháin atá éifeachtúil ó thaobh cánach a bheith déanta ag daoine aonair príobháideacha agus ag comhlachtaí corparáideacha araon. B'ionann na deonacháin a tugadh don Iontaobhas i gcaitheamh 2009 agus €3000.

Dul chun cinn i dtreo Aidhmeanna agus Cuspóirí Straitéiseacha na Leabharlainne 2008-2010:

Seo thíos na haidhmeanna agus na cuspóirí straitéiseacha atá leagtha amach go mionsonraithe i bPlean Straitéiseach na Leabharlainne, 2008-2010:

Aidhm Straitéiseach 1 – Forbairt agus Cosaint na mBailiúchán

'Bailiúcháin na Leabharlainne a neartú tuilleadh i leith na bhformáidí oiriúnacha go léir agus ábhar faoina cúram a chosaint'

Cuspóir Straitéiseach 1.1

Beartas forbartha bailiúcháin a fhoirmlíú agus gach formáid chuí á cuimsiú

Leagtar amach i mBeartas Forbartha Bailiúchán na Leabharlainne 2009-2011, a d'aontaigh an Bord go foirmiúil i Samhain 2008, na critéir ghinearálta a rialaíonn roghnú an ábhair atá le fáil chomh maith leis na sainchuspóirí bailithe de réir (a) réimse coimeádta agus (b) bailiúchán téamach. I gcúrsa 2009, bhí Beartas Forbartha na mBailiúchán mar bhonn eolais le gach cinneadh a rinne foireann na Leabharlainne mar gheall ar forbairt na mbailiúchán sna réimsí bailiúcháin éagsula. (Féachtar <http://www.nli.ie/en/udlist/reports-and-policy-documents.aspx>)

Neartaíodh Beartas Forbartha na mBailiúchán tuilleadh in 2009 nuair a tugadh chun críche Treoirlínte Éadalacha na Leabharlainne atá ceaptha chun bonn a sholáthar le gur féidir treoirlínte mionsonraithe maidir le nós imeachta a fhorbairt don fhoireann éadalacha. I dteannta a chéile is mór an dul chun cinn iad an Beartas agus na Treoirlínte maidir le beartas agus nósanna imeachta a fhoirmlíú i dtaobh forbairt bailiúchán sa Leabharlann.

Cuspóir Straitéiseach 1.2

Plean le haghaidh síneadh céimnitheach na soláthairtí taisce dlíthiúla san Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997

Lean an Leabharlann uirthi in 2009 dá rannpháirtíocht ghníomhach in obair an Fhochoiste ar Chóipcheart agus ar Chúrsaí Rialaitheacha de chuid Chuibhreannas na Leabharlann Náisiúnta agus Ollscoile (CLNO). Cuireadh tuarascáil eatramhach dar teideal ‘Taisce Dlíthiúil a Shíneadh chuig Foilseacháin Dhighiteacha’ i láthair CLNO i Meitheamh. Seo a leanas na nithe a scrúdaítear sa tuarascáil: an taisce dlíthiúil i gcomhthéacs agus dúshlán na timpeallachta digití; impleachtaí chreat dlí na taisce dlíthiúla atá anois ann; oibriú na taisce dlíthiúla laistigh d’Éirinn; agus, timpeallacht na foilsitheoireachta digití in Éirinn. Tarraingítear anuas roinnt ceisteanna sa tuarascáil nár mhór díriú orthu, a áitítear, sular féidir aon dul chun cinn eile a dhéanamh ar an tsaincheist thábhachtach seo.

Cuspóir Straitéiseach 1.3

Beartas cuimsitheach caomhnaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, a mbeadh plean anachaine mar chuid de, do gach cuid den bhailiúchán, ina gcuimsítear na formáidí cuí go léir

Tugadh Beartas Caomhnaithe chun críche i gcaitheamh na bliana.

Is é cuspóir an Bheartais beartas iomlán na Leabharlainne maidir le cúram agus caomhnú na mbailiúchán a chur i bhfocail agus in iúl don phobal, agus fothaí a leagan síos do straitéis chaomhnaithe na Leabharlainne sa todhchaí.

Cuimsítear sa Bheartas treoir ardleibhéal ar conas gach ábhar i mbailiúcháin na Leabharlainne a chaomhnú agus a saolré a bhainistiú chun a marthanacht agus a n-inrochtaineacht fhadtéarmach a chinntiú.

Tá an doiciméad ceaptha le bheith mar cheann de shraith doiciméad a chuimseoidh na nithe seo a leanas: beartas bainistíochta priacail agus plean rialaithe anachaine, straitéis chaomhnaithe, plean bliantúil caomhnaithe, beartas agus straitéis caomhnaithe digitigh, beartais agus pleananna caomhnaithe roinne, beartas forbartha bailiúchán lena n-áirítear treoirlínte éadala, beartas catalógaithe, beartas slándála, beartas caomhnaithe agus treoirlínte speisialta ar stóráil, ar láimhsiú, ar ord tosaíochta do chóireáil chaomhnaithe, ar choinníollacha maidir le hiasachtaí agus taispeántais, agus ar athghrafaic.

Tugadh an obair chun críche ar chuid de na beartais ghaolmhara seo – tá beartas forbartha na mbailiúchán ar shuíomh Gréasáin na Leabharlainne mar is amhlaidh i gcás na dtreoirlínte láimhsithe do leabhair agus do lámhscríbhinní uathúla agus tá sé beartaithe nó ar bun i gcás nithe eile. Maidir le pleanáil faoi chomhair anachaine, rinne obair in éineacht le comhairleoirí ón Continuum and Harwell Document Restoration ar fhreagairt tarrthálais. Is éard a bhí i gceist leis an bpróiseas seo: taighde agus pleanáil a dhéanamh chun liostaí tosaíochta do bhailiúcháin shonracha a sholáthar, togra maidir le hurláir i bpríomhfhoirgneamh na Leabharlainne a ainmniú, ábhair a fhoinsiú le haghaidh oiliúint tarrthálais agus freastal ar oiliúint tarrthálais in éineacht le gach duine d’oibríthe deonacha

tarrthálais na Leabharlainne agus príomhstór lárnach de threalamh freagartha éigeandála a réiteach mar aon le 27 bpaca freagartha áitiúla ar éigeandálaí le húsáid chun bailiúcháin na Leabharlainne a tharrtháil i gcás anachaine.

Aidhm Straitéiseach 2 – Soláthar Seirbhíse ar Ardchaighdeán

‘Seirbhís ar ardchaighdeán a chur ar fáil dá húsáideoirí agus dá húsáideoirí féideartha agus béim ar leith ar inrochtaineacht agus ar infhaighteacht’

Cuspóir Straitéiseach 2.1

Athbhreithniú a dhéanamh ar bhonn leanúnach ar gach seirbhís phoiblí, i gcomhairle le léitheoirí/custaiméirí, d’fhonn inrochtaineacht agus infhaighteacht a éascú, chomh maith le seirbhís den scoth a chur ar fáil

Tá béim á leagan ag an Leabharlann i gcónaí ar fhorbairt seirbhísí ar ardchaighdeán, i gcomhairle le húsáideoirí.

Bliain an-rathúil ab ea 2009 don tseirbhís ghinealais, mar thoradh ar mhéadú ar líon na n-úsáideoirí agus ar fhreagairt dhearfach ó úsáideoirí.

Cuireadh tuilleadh feabhsuithe ar sheirbhísí athghrafacha agus ar sheirbhísí ar líne le teacht níos fearr a thabhairt d’úsáideoirí agus ábhar a chur ar fáil lasmuigh de ghnáthuaireanta seirbhíse. .

Glacadh birt éagsúla sa bhliain 2009 d’fhonn seirbhísí a fheabhsú tuilleadh sa todhchaí, agus orthu seo bhí suirbhé ar úsáid an tseomra léitheoireachta sa tráthnóna chun riachtanais úsáideoirí a shainaithint agus athcháblú a dhéanamh ar chodanna den phríomhfhoirgneamh chun gur féidir baill foirne a imlonnú ar bhealach pleanáilte chun seirbhís níos fearr a sholáthar.

Cuspóir Straitéiseach 2.2

Leanúint d’fhorbairt agus de chur chun cinn sheirbhísí na hOifige Ginealais/Oifig an Phríomh-Arait

Foilsíodh bróisiúr nua iarratais agus faisnéise don Oifig, dar teideal *Ag Déanamh Iarratais ar Dheonú Armas* sa bhliain 2009. Cuireadh seirbhísí na hOifige Ginealaí agus Oifig an Phríomh-Arait chun cinn trí fheabhas a chur ar an ábhar a bhí ar fáil ar líne trí shuíomh Gréasáin na Leabharlainne. Cuireadh *Consolidated index to the records of the Genealogical Office* de chuid Virginia Wade McAnlis agus liosta de Ghinealaigh Rolla atá i mbailiúchán Lámhscríbhinní na hOifige Ginealaigh ar fáil ar líne.

Sa bhliain 2009 chuir an Príomh-Arait agus Péintéir an Phríomh-Arait tús le hobair a bheidh mar chuid den taispeántas *Discover your National Library* a chuirfidh an

Leabharlann i láthair. Chuimsigh sé píosaí scríofa agus píosaí ar scannán de dhá mhír ó Bhailiúchán Lámhscríbhinní na hOifige Ginealaí: Saothar Roger O’Ferrall’s *Linea Antiqua* ó 1709; agus an *Roll of Arms of the 25th International Congress of Genealogical and Heraldic Sciences* ó 2002.

Chuir foireann Oifig an Phríomh-Araitléachtaí agus cainteanna ar fáil i gcaitheamh na bliana do ghrúpaí intí agus do ghrúpaí seachtracha, faoi mar a rinneadh i mblianta eile. Tugadh cainteanna do ghrúpaí éagsúla sa Leabharlann Náisiúnta agus tugadh léachtaí don Chlub Rothlach agus do Ghrúpa na Leabhar Annamh de Chumann Leabharlainne na hÉireann ag a Sheimineár Bliantúil.

Cuspóir Straitéiseach 2.3

Athbhreithniú ar agus cur i bhfeidhm Chairt na Leabharlainne do Chustaiméirí

Foilsíodh Cairt nua do Chustaiméirí i gcaitheamh na bliana inar cuireadh béim leanúnach ar chumarsáid a bheith ar siúl i gcónaí le húsáideoirí trí mheicníochtaí amhail cártaí tuairime. Cuireadh an Chairt do Chustaiméirí ar fáil i limistéir phoiblí agus ar shuíomh Gréasáin na Leabharlainne chun treise a chur ar ár ngealltanais chun seirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar do chustaiméirí.

Cuspóir Straitéiseach 2.4

Leanúint d’obair a dhéanamh chun ábhair a chatalógú ar bhealach tráthúil agus chun monatóireacht a dhéanamh agus chun díriú ar riaráistí na n-ábhar nach bhfuil catalógaithe, de réir na n-acmhainní atá ar fáil, chun infhaighteacht uasta na mbailiúchán a chinntiú do léitheoirí

Rannóg na mBailiúchán Clóite agus Radharcach

- **Tionscadal Riaráiste (Leabhair Chlóite agus Tréimhseacháin)**

Críochnaíodh an Tionscadal Catalógaithe Riaráiste, ar tuairiscíodh air den chéad uair i dTuarascáil Bhliantúil 2008, i Meán Fómhair 2009. I gcéim na dara mí, a thosaigh i bhFeabhra, cinneadh ar ábhar ón riaráiste reatha leabhar agus ón riaráiste stairiúil iar-2006 a chorprú ann. D’ainneoin easpa foirne agus d’ainneoin nach ceadmhach dúinn leabharlannaithe a fhostú chun áit na leabharlannaithe atá sannta don tionscadal a ghabháil, de dheasca an lánchoisc ar earcaíocht, ba shuntasach an dul chun cinn a rinneadh i gcúrsa an tionscadail. Rinneadh catalógú ar 3,000 mír ón riaráiste stairiúil sa tréimhse ó Eanáir go Meán Fómhair 2009 agus catalógadh 3,015 mír ó riaráiste reatha na Taisce Dlíthiúla/na Leabhar Nua. Maidir leis an tionscadal tríd is tríd (ón uair a cuireadh tús leis i Meán Fómhair 2008), is féidir 3,000 mír eile ón riaráiste stairiúil a chur leis an iomlán.

Táimid thar a bheith sásta leis an dul chun cinn suntasach a rinneadh leis an riaráiste stairiúil ina raibh mórán ábhair annaimh, agus i gcásanna áirithe, ábhair uathúil a cuireadh ar fáil dár leitheoirí den chéad uair.

- **Leabhair Chlóite**

Le cois na hoibre a sannadh d'fhoireann an Tionscadail Riaráiste, bhí foireann na Leabharlainne gnóthach i gcónaí ag catalógú éadálacha Taisce Dlithiúil/Leabhar Nua i gcaitheamh na bliana agus ba é 920 líon na míreanna sin a catalógadh. Leanadh den obair chomh maith ar chatalógú na n-éadálacha leabhair annamha agus ársa agus rinneadh catalógú ar 857 mír san iomlán ó bhailiúchán na leabhar annamh don bhliain seo. De na bailiúcháin speisialta ar tugadh tús áite dóibh agus catalógú ar siúl, tugadh an obair chun críche ar bhailiúchán amharclainne O'Neill, ar bhailiúchán Hungerford agus ar bhailiúchán Ferguson agus tugadh catalógú bhailiúchán Stephen Griffin cothrom le dáta. Rinneadh catalógú ar 1,840 mír nó mar sin ó bhailiúcháin speisialta de leabhair chlóite.

- **Tréimhseacháin agus Nuachtáin**

Cuireadh tuairim is 157 taifead de thréimhseacháin nua leis an gcatalóg ar líne i gcaitheamh na bliana agus leasaíodh 169 taifead eile. Lena chois sin, rinneadh catalógú ar 230 teideal ó bhailiúchán Mike Milotte mar chuid de riaráiste d'ábhar neamhchatalógaithe.

- **Grianghraif**

Rinneadh catalógú ar Bhailiúchán Hogan Wilson, a fuair an Leabharlann in 2007, mar ullmhúchán don taispeántas *Witness to War*. Ar na bailiúcháin eile mar a ndearnadh dul chun cinn le catalógú bhí bailiúcháin Phiaras Béaslaí, Michael S Walker agus Hugh Kennedy.

Rinneadh catalógú chomh maith ar an gcuid is mó den ábhar i mbailiúchán Godfrey Graham, a fuarthas le deireanas. Tá bailiúchán Independent Newspapers (Ireland) á athstóráil agus á liostú an t-am ar fad, agus dhírigh obair na bliana 2009 ar thréimhse na 1960í. Tá an obair ar siúl i gcónaí ar na taifid pháipéir i mbailiúchán Rex Roberts a aistriú go bunachar sonraí.

- **Priontaí agus Líníochtaí**

Tugadh tús áite in 2009 do bhailiúchán na Leabharlainne de phriontaí portráide Éireannacha lena gcatalógú agus tugadh chatalógú na bportráidí 'Toise I' chun críche. Tá 449 mír catalógaithe go hiomlán anois.

Críochnaíodh liosta bailiúcháin le haghaidh bailiúchán líníochtaí long Murrogh V O'Brien (PD 4375 TX), a bronnadh ar an Leabharlann in 2008 agus ina bhfuil thart ar 900 bileog ar fad de líníochtaí long, a tharraing agus a d'uiscedhathaigh Murrogh V O'Brien de lámh ag Oileán Fhainge, Co. Luimnigh, sna blianta 1971-200.

Leanadh den obair ar dhá cheann de thionscadail leanúnacha chatalógaithe: (i) albaim thopagrafacha agus bailiúcháin bheaga a chatalógú ar leibhéal bailiúcháin (sé cinn atá catalógaithe go dtí seo) agus (ii) bailiúchán Holloway de líníochtaí bunaidh a chatalógú go leibhéal míre (38 mír atá catalógaithe go dtí seo).

- **Ábhar Gearrshaolach**

Leanadh den obair ar chatalógú ábhar gearrshaolach stairiúil. Rinneadh catalógú ar 73 mír san iomlán, lena áiríodh 50 mír ón mbailiúchán polaitiúil. Ar na bailiúcháin de phóstaeir a liostaíodh bhí póstaer scannáin ó bhailiúchán Liam O’Leary, póstaer pholaitiúla ó bhailiúchán Seán O’Mahony agus póstaer thoghcháin ó Fheachtas Reifrinn Chonradh Liospóin 2009. Lena chois sin, sraithannaíodh bailiúchán ábhair ghearrshaolaigh Seán O’Mahony ina chatagóirí ábhair agus ullmhaíodh dréachtliosta den bhailiúchán.

Sraithannaíodh ábhar gearrshaolach na linne seo a bhronn Don Kennedy agus Elizabeth Cleary i gcatagóirí ábhair na rannóige ábhair ghearrshaolaigh.

- **Ceol**

Ba mhór an dul chun cinn a rinneadh ar chatalógú míreanna ceoil eile ó riaráiste na Leabharlainne ionas gur cuireadh 1,254 mír le catalóg ar líne na Leabharlainne in 2009, mar seo a leanas: ceol ó riaráiste catalógaithe an cheoil ghinearálta (483 mír); críochnaíodh catalógú bhailiúchán Bryden Thomson de scóir cheoilfhoirneacha anótáilte (298 mír); rinneadh lánchatalógú ar bhailiúchán Peggy Dell (514 mír) mar ab amhlaidh i gcás bailiúchán Bhantracht na Tuaithe (53 mír).

Rannóg na Lámhscríbhíní

Críochnaíodh catalóga i gcás an deich bhailiúcháin seo a leanas: Páipéir Mhícheál Mac Liammóir (Liosta Bailiúcháin 145); páipéir an Project Arts Centre (Liosta Bailiúcháin 152); páipéir Coffey Trench (Liosta Bailiúcháin 153); páipéir Mervyn Taylor (Liosta Bailiúcháin 154); páipéir Paul Durcan (Liosta Bailiúcháin 144); Cartlann Aerach na hÉireann (Liosta Bailiúcháin 151); páipéir Airt Uí Bhriain (Liosta Bailiúcháin 150), páipéir Inchiquin (Liosta Bailiúcháin 143); páipéir Mháirín Cregan (Liosta Bailiúcháin 159) agus páipéir William Smith O’Brien (Liosta Bailiúcháin 147). Bhí roinnt bailiúcháin eile á gcatalógú ag deireadh bliana.

Cuspóir Straitéiseach 2.5

Clár a thionscnamh chun an teacht ar chatalóga agus ar liostaí na Leabharlainne a fheabhsú, trí chatalóg amháin ar líne a chruthú agus trí chatalóga agus áiseanna aimsithe ar bith atá ar pháipéar go fóill a aistriú go formáidí ar líne

Tréimhseacháin agus Nuachtáin

Seoladh NLI/NEWSPLAN, an bunachar sonraí comhtháite nuachtán, in 2009. Gabhfaidh an fhorbairt shuntasach seo áit liosta na nuachtán clóite a bhí ar fáil roimhe seo. Bunachar sonraí dinimiciúil cothrom le dáta atá ann ina bhfaighfear sonraí ar shealbháin gach teidil nuachtáin a choimeádann an Leabharlann. Déanfar nuashonrú rialta ar an mbunachar sonraí ionas go mbeidh faisnéis ann maidir leis an gcóip is déanaí dá bhfuil ar fáil de gach teideal nuachtáin reatha a choimeádann an Leabharlann. Tá bunachar sonraí NEWSPLAN, a liostaíonn gach comhad de nuachtáin Éireannacha dá bhfuil ar marthain i leabharlanna agus in institiúidí éagsúla, inchuardaithe go hiomlán mar chuid den bhunachar sonraí nua.

Lámhscríbhinní

Tiontaíodh go hacmhainn ar líne an t-innéasc páipéir a bhí ar fáil de léarscáileanna suirbhéireachta talún lámhscríbhinne Longfield agus cuireadh áiseanna scagtha leis de réir contae, barúntachta, agus suirbhéara mar aon le sonraí gearra beatháisnéise. (Tá sé ar fáil chomh maith mar Liosta Bailiúcháin Lámhscríbhinní 158). Ba é gnóthas suirbhéireachta Longfield, Brownrigg & Murray, Baile Átha Cliath, a chruthaigh na léarscáileanna sa tréimhse 1775 - 1883. Cuimsíonn an bailiúchán 1,671 léarscáil ar leith a bhronn Robert Ormsby Longfield, nia de chuid William Longfield, ar an Leabharlann in 1908. Tá léarscáileanna de gach contae in Éirinn seachas Ciarraí sa bhailiúchán agus is léarscáileanna de chathair agus de chontae Bhaile Átha Cliath iad 44% de na léarscáileanna ar fad.

Tá suirbhéanna uiscethatha de dhaingnithe Éireannacha a rinne an suirbhéir Briotanach Thomas Phillips (1635? – 1693) ar fáil i Liosta Bailiúcháin 157 agus tá 70 cinn de na híomhánna a ghabhann leo ar fáil tríd an gcatálog ar líne. Taispeánann siad faisnéis a bhí úsáideach chun críocha cosanta, leithéidí caisleán, dúnfort, línte cósta, cuanta agus aibhneacha, agus líníochtaí de longa agus de bháid.

Cuspóir Straitéiseach 2.6

Athdhearadh shuíomh gréasáin na Leabharlainne chun soláthar teachta a chinntiú ar an réimse is leithne d'eolas, acmhainní ar líne agus de sheirbhísí

Modh ríthábhachtach is ea an suíomh Gréasáin i gcónaí chun cumarsáid a dhéanamh le húsáideoirí na Leabharlainne. Bliain shuntasach ab ea 2009 maidir le feabhas a chur ar theacht ar an raon faisnéise is leithne is féidir. Cuireadh dhá cheann de mhórtionscadail dhigiteacha ar fáil trí shuíomh Gréasáin na Leabharlainne i gcaitheamh na bliana. Ba iad sin – Grianghraif Dhigiteacha ar Líne agus *Sources*: Bunachar Sonraí de chuid Leabharlann Náisiúnta na hÉireann le haghaidh Taighde Éireannach. Feabhsú mór ab ea iad sin ar sheirbhísí na Leabharlainne agus teimpléid is ea iad d'fhorbairtí eile dá leithéid sa todhcháí. Féachtar www.nli.ie

Féachtar aguisín 3 Staitisticí maidir le léiriú grafach ar an méadú ar amais ar shuíomh Gréasáin na Leabharlainne ón uair gur cuireadh Grianghraif Dhigiteacha ar fáil in Iúil, agus *Sources* i Meán Fómhair.

Cuspóir Straitéiseach 2.7

Beartas digiteach a ullmhú agus a chur i bhfeidhm (lena n-áirítear pleananna le haghaidh forbairt stóir dhigitigh) chomh maith le Beartas TFC, ina gcuirtear riachtanais na Leabharlainne, a custaiméirí, custaiméirí féideartha agus institiúidí eile san áireamh, chomh maith le ról na bpróiseas neamhdhigiteach atá ann faoi láthair

Leanadh don obair ar bheartas digiteach a chur i dtoll a chéile agus ar Chóras Bainistíochta na Leabharlainne a chur chun feidhme. Ar áireamh i gCóras Bainistíochta na Leabharlainne beidh taisce digiteach a éascóidh bainistiú ábhair dhigiteach na Leabharlainne.

Dul chun cinn mór is ea é maidir le forbairt seirbhísí digiteacha tábhachtacha an dá thionscadal digiteach a bheith seolta agus ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Leabharlainne.

Aidhm Straitéiseach 3 - For-Rochtain, Comhoibriú agus Sineirge a Bhaint Amach

‘Coinneáil le for-rochtain, iarracht chomhoibríoch agus sineirge’

Cuspóir Straitéiseach 3.1

Beartas for-rochtana agus oideachais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, a chothaíonn leathnú teachta i dtéarmaí sóisialta agus tíreolaíochta agus a chothaíonn foghlaim ar feadh an tsoil

Chun teacht a thabhairt do thaighdeoirí agus don phobal i gcoitinne ar bhailiúcháin shuibhre na Leabharlainne, lean an Leabharlann de bheith ag forbairt a seirbhísí oideachais, agus a cuid acmhainní agus gníomhaíochtaí i gcomhair éagsúlacht mhór úsáideoirí.

Mar chuid dá gníomhaíochtaí for-rochtana sholáthair foireann na Leabharlainne seastán faisnéise ag an gcomhdháil bhliantúil de Chumann Múinteoirí Staire na hÉireann (CMSC) agus ag an gcéad chomhdháil de IMAGINE IT!, ar ceiliúradh é de sheanóirí agus de theicneolaíocht na faisnéise.

Leanadh de shraith na gcúrsaí ocht seachtaine dar teideal *WB Yeats and the National Library*, rud atá ar siúl i gcomhar le hOideachas Aosach UCD i gcaitheamh an earraigh agus reáchtáladh cúrsa nua i Meán Fómhair dar teideal *Yeats and his poetry*. D’eagraigh an Leabharlann turais théamaithe ar an taispeántas *Yeats: the life and works of William Butler Yeats*, a chlúdaíonn ábhair atá gaolmhar leis an dá chúrsa, le linn na gcúrsaí a bheith ar fáil. D’fhiosraigh cúrsa nua eile i gcomhar le hOideachas Aosach UCD, *Uncovering 1916*, imeachtaí Éirí Amach 1916 trí shraith léachtaí agus scrúdú ar ábhar príomha i mbailiúcháin na Leabharlainne.

I gcaitheamh na bliana d’eagraigh an Leabharlann sraith turas agus ceardlann le haghaidh scoileanna agus grúpaí eile, chomh maith le gníomhaíochtaí éagsúla séasúracha agus meántéarmacha, cuid acu i gcomhar le Deaf Hear.

Le roinnt blianta anuas ghlac an Leabharlann páirt i mBealtaine, féile bhliantúil a cheiliúránn an aois agus an chruthaitheacht, agus a chomhordaíonn Age and Opportunity. Bhí bainteacht na Leabharlainne leis an bhféile sin ar cheann de bhuaicphointí chlár foghlama agus for-rochtana na Leabharlainne sa bhliain 2009 agus ba í Máire Hóctor,

Aire Stáit, a sheol an fhéile náisiúnta ag an Leabharlann i mí Aibreáin. Thionscain an Leabharlann trí cinn de thionscadail: clár oiliúna ocht seachtaine le haghaidh daoine aonair ar spéis leo turais threoraithe a sholáthar ar *Yeats: the life and works of William Butler Yeats*; sraith ceardlann inar díriodh ar dhaoine a chur ar an eolas faoin tslí le teacht a fháil ar acmhainní stair theaghlaigh na Leabharlainne, agus tionscadal coimeáda taighde agus taispeántais dar teideal *The Magpie's Nest*, a d'éascaigh an t-ealaíontóir Michael Fortune agus a dhírigh ar dhaoine a bhí ag úsáid na Leabharlainne den chéad uair. Míreanna eile i gclár na Leabharlainne ba ea ceardlanna ar conas taighde a dhéanamh ar stair theaghlaigh faoi threoir an ghineolaí Máire Mac Conghaill, ar ball de Bhord Leabharlann na hÉireann í chomh maith, agus ceardlann ar *Memory into Memoir* le Irene Graham.

Cuspóir Straitéiseach 3.2

Beartas taispeántais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm

Le roinnt blianta ba iad taispeántais an príomh-mhodh a bhí ag an Leabharlann chun a cuid bailiúchán a chur ar fáil don phobal i gcoitinne. Cuireadh raon leathan taispeántas i láthair sa bhliain 2009 san áitreabh i Sráid Chill Dara agus san áitreabh i mBarra an Teampaill araon. Lena chois sin, chuaigh roinnt taispeántas taistil ar taispeántas in ionaid timpeall na hÉireann agus thar lear. Tá beartas taispeántais á ullmhú ina mbeidh ráiteas foirmiúil ar na prionsabail agus na modheolaíochtaí atá in úsáid agus ní mór dul i gcomhairle tuilleadh mar gheall air roimh é a thabhairt chun críche.

Cuspóir Straitéiseach 3.3

Réimsí sineirge agus comhoibrithe le leabharlanna, cartlanna, institiúidí cultúrtha agus gníomhaireachtaí eile a chothú agus a aithint, go réigiúnach, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta

Is gné leanúnach d'obair na Leabharlainne í le blianta fada anuas dul i gcomhar le heagraíochtaí eile. Leathnaigh an Leabharlann a naisc le cuid mhaith eagraíochtaí agus gníomhaireachtaí cultúrtha, anseo in Éirinn agus thar lear i gcaitheamh 2009, ar a n-áiríodh comhar nua le hambasáidí na Rómáine agus na Slóivéine. Chun foilsiú Atlas Bhailte Stairiúla na hÉireann de chuid Acadamh Ríoga na hÉireann ar Bhaile Átha Cliath 1610-1756 a chomóradh, agus i gcomhar leis an RIA, thug an tOllamh Colm Lennon caint dar teideal: 'From Speed to Rocque: the growth of early modern Dublin, 1610-1756' i bhFeabhra. Lean an Leabharlann dá rannpháirtíocht in *Dublin One City One Book* arna chomhordú ag Leabharlanna Poiblí Chathair Bhaile Átha Cliath. Thug an Dr Bogdan Florin Popovici, Cartlannaí le Cartlann Náisiúnta na Rómáine, léacht ar *Dracula's Myth: from facts to tourism marketing, Dracula as a Travel Agent* agus labhair an Dr Elizabeth Miller, Professor Emerita, Memorial University of Newfoundland ar *Bram Stoker's 'Dracula': from Notes to Novel*; ag gabháil leis na léachtaí seo bhí taispeántas sealadach mar gheall ar Bram Stoker agus a úrscéal, *Dracula*.

Gheofar in aguisín 4 liosta iomlán de na heagraíochtaí a ndearna an Leabharlann comhar leo i gcaitheamh 2009.

Cuspóir Straitéiseach 3.4

Plean margaióchta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, a mbeadh margaiócht áiseanna poiblí na Leabharlainne mar chuid de

Soláthraíonn an Leabharlann foilseacháin rialta idir chlóite agus ar líne chun feacht a mhúscailt mar gheall ar bhailiúcháin, ar thaispeántais agus ar sheirbhísí na Leabharlainne. Clúdaíonn *NLI News*, a fhoilsítear go ráithiúil i gcló agus ar líne, forbairtí agus imeachtaí na Leabharlainne agus cuireann an ríomhfheasachán míosúil eolas breise ar fáil mar gheall ar an Leabharlann agus soláthraíonn sé naisc chomh maith chuig ailt ábhartha agus chuig nuacht ar shuíomh Gréasáin na Leabharlainne. Thosaigh an Leabharlann ar líonrú sóisialta a úsáid i gcaitheamh na bliana chun bailiúcháin, taispeántais agus cláir a chur chun cinn agus is féidir le húsáideoirí an Leabharlann a leanúint ar Twitter agus ar Facebook araon.

Aidhm Straitéiseach 4 – Feabhsú an Bhonneagair Fhisicigh

'Bonneagar fisiceach na Leabharlainne a fheabhsú d'fhonn bailiúcháin a chosaint, soláthar seirbhíse a éascú agus timpeallacht oiriúnach oibre a sholáthar'

Cuspóir Straitéiseach 4.1

A chinntiú go dtosóidh an obair ar an áis aidhmdhéanta stórais atá beartaithe a thógáil ar shuíomh Shráid Chill Dara.

Cuspóir Straitéiseach 4.2

Máistirphlean a chruthú dá foirgnimh le freastal ar fhás agus ar athshuíomh a seirbhíse agus a bailiúchán sa fiche bliain amach romhainn.

Níor dearnadh aon dul chun cinn breise maidir le Cuspóir Straitéiseach 4.1 ná Cuspóir Straitéiseach 4.2. in 2009. Beidh tionchar ag an athrú ar an ngeilleagar agus ag an staid bhuiséadach reatha agus ag cumasc beartaithe na Cartlainne Náisiúnta agus Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann, ar chinntí maidir leis na gcuspóirí sin.

Cuspóir Straitéiseach 4.3

Timpeallacht oibre a sholáthar don fhoireann agus do chuirteoirí atá sábháilte agus ar féidir teacht air go héasca.

Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le cur chun feidhme chóras sláinte agus sábháilteachta na Leabharlainne nuair a rolladh amach Ráiteas Sábháilteachta agus na measúnachtaí gaolmhara ar phriacail na Leabharlainne go hiomlán sa bhliain 2009. Le

cois raon beart nua rialaithe a chur chun feidhme i ngach ceann d'fhoirgnimh na Leabharlainne chun priacail shláinte agus shábháilteachta a laghdú tuilleadh, reáchtáladh sraith seisiún mionteagaisc mar gheall ar chúrsaí sláinte agus sábháilteachta le foireann na Leabharlainne i gcaitheamh 2009.

Ceapadh soláthraí nua slándála sa bhliain 2009 tar éis comórtas tairisceana chun slándáil a sholáthar lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre.

Aidhm Straitéiseach 5 - Forbairt na Foirne

'An tacaíocht is fearr dá bhfuil ann a chur ar fáil don fhoireann ar mhaithe le feabhas a bhaint amach'

Cuspóir Straitéiseach 5.1

Straitéis chuimsitheach acmhainní daonna a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, a mbeidh earcaíocht, soghluaisteacht, leanúnachas, bainistíocht feidhmíochta, coinneáil, pleanáil comharbais, ardú céime agus combhionannas deiseanna mar chuid di.

D'aontaigh Bord na Leabharlainne Straitéis Acmhainní Daonna na Leabharlainne go luath sa bhliain 2009 agus scaipeadh é ar gach ball foirne. Meastar go ndéanfar tuilleadh oibre ar fhorbairt na mbeartas acmhainní daonna laistigh de chomhthéacs Straitéis Acmhainní Daonna na Leabharlainne in 2010.

In Iúil 2009, cuireadh tús le mórthionscadal chun córas nua bainistíochta ama agus tinrimh na Leabharlainne a chur i bhfeidhm ar fud na Leabharlainne agus bhí sé sin déanta go rathúil faoi dheireadh na bliana.

I Márta 2009, d'fhógair an Rialtas lánchosc ar earcaíocht sa tseirbhís phoiblí agus ba thromchúiseach an éifeacht a bhí aige sin ar eagraíocht a bhí tearc ar fhoireann cheana féin, i gcomparáid le leabharlanna náisiúnta eile. Bhí ochtar eile imithe ón gcroífoireann faoi dheireadh 2009. I Nollaig 2000 fuair an Leabharlann cead chun dhá phost a líonadh, poist a bhí fógartha roimh fhógairt an lánchoisc agus fuarthas formheas chun post an Stiúrthóra a líonadh ar bhonn conradh seasta trí bliana.

Cuspóir Straitéiseach 5.2

Anailís Riachtanais Oiliúna a dhéanamh d'fhonn plean oiliúna agus forbartha a ullmhú agus a chur i bhfeidhm, le tacú leis an bhfoireann i gcur i gcrích a gcuid oibre i láthair na huair agus maidir le héilimh athraitheacha agus chun forbairt phearsanta agus ghairme a chur chun cinn.

Rinneadh dul chun cinn eile ar chur chun feidhme Phlean Oiliúna agus Forbartha na Leabharlainne 2008-2010 agus seoladh Scéim Athchistithe Táillí leasaithe in 2009.

Chuimsigh an oiliúint a cuireadh ar fáil in 2009 na nithe seo a leanas:

- Clár Forbartha Bainistíochta;
- Oiliúnoireacht do Bhainisteoirí;
- Forbairt do Mhaoirseoirí/Ceannairí Foirne;
- Oiliúint i Seirbhís do Chustaiméirí;
- Oiliúint Frithbhulaíochta;
- Seisiúin faisnéise ar Chomhionannas agus ar Éagsúlacht;
- Cúrsaí oiliúna IT;
- Oiliúint i gcomhpháirtíocht san ionad oibre;
- Oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta;
- Seisiún faisnéise foirne a sholáthair MABS (An tSeirbhís Bhuisseáda agus Chomhairle Airgid);
- Seisiúin ghinearálta faisnéise foirne ar cheisteanna riaracháin (ciorruithe i gcaiteachas poiblí, impleachtaí an lánchoisc, Straitéis AD, an córas nua Bainistíochta Ama agus Tinrimh), Seirbhísí (Tionscadail Digiteacha, Cairt do Chustaiméirí) agus obair Oifig an Phríomh-Arailt.

Bhí gach oiliúint faoi réir measúnú foirne i gcomhar le hAonad Acmhainní Daonna na Leabharlainne.

Cuspóir Straitéiseach 5.3

Cultúr eagraíochtúil oscailte agus dearfa a chothú trí éascú cumarsáide, cumhachtaithe, spreagadh rannpháirtíochta agus trí mheon cóimheasa a chothú.

Lean an Leabharlann dá Coiste Comhpháirtíochta a oibriú agus a neartú i gcaitheamh na bliana. Bhuail an coiste le chéile faoi dhó i gcaitheamh na bliana agus cuireadh lá oiliúna ar fáil go luath in 2009. I measc na míreanna a tháinig os comhair an Choiste Chomhpháirtíochta bhí Beartas Comhionannais agus Éagsúlachta na Leabharlainne, a aontaíodh i nDeireadh Fómhair 2009. Lena chois sin bunaíodh fochoiste comhpháirtíochta nua i gcaitheamh na bliana chun féachaint ar shaincheisteanna maidir le tíosacht ar fhuinneamh agus athchúrsáil.

Lean an Coiste Comhairleach Bainistíochta (CCB) de bheith ag bualadh le chéile ar bhonn rialta d'fhonn fócas eagraíochtúil leanúnach a chinntiú ar na príomhchuspóirí straitéiseacha agus ar bhainistiú an bhuiséid.

Cuspóir Straitéiseach 5.4

Tús a chur le próiseas chun caighdeán aitheanta feabhais a bhaint amach i mbainistíocht acmhainní daonna.

I ndiaidh do FÁS iniúchadh láidir a dhéanamh ar bheartais acmhainní daonna na Leabharlainne, bronnadh caighdeán *Seirbhís den Scoth ó Dhaoine den Scoth*, arb é an Caighdeán Náisiúnta i mBainistíocht Acmhainní Daonna, i Samhain 2009. Éacht ab ea é

sin nuair a smaoinítear nár tháinig an Leabharlann chun bheith ina comhlacht uathoibríoch go dtí 2005.

Aidhm Straitéiseach 6 - Forbairt na hEagraíochta

‘Struchtúir, córais agus polasaithe cuí eagraíochtúla a chur i bhfeidhm a thacóidh le gníomhaíocht, soláthar agus caighdeán seirbhíse den scoth’

Cuspóir Straitéiseach 6.1

Athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúir eagraíochtúla agus bainistíochta agus ar chleachtais oibre na Leabharlainne, chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht a uasmhéadú, bunaithe ar riachtanais seirbhíse agus straitéiseacha/ghnó.

Leanadh de bheith ag cur Plean Straitéiseach na Leabharlainne 2008-2010 agus an plean oibríochtúil trí bliana a ghabhann leis chun feidhme. Ceapadh an plean deiridh chun a áirithiú go gcuirfí cuspóirí an phlean straitéisigh i gcrích agus lena chois sin, go ndéanfaí an t-ailíniú cuí idir cuspóirí straitéiseacha, gníomhaíochtaí oibríochtúla agus obair na mball aonair foirne.

Lean an Coiste Comhairleach Bainistíochta (CCB) de mhonatóireacht a dhéanamh ar struchtúir inmheánacha agus ar leibhéal foirne agus díriodh thar aon ní eile ar fhéachaint chuige go raibh ailíniú ann idir struchtúir agus acmhainní chun tacú le cur i gcrích phríomhchuspóirí straitéiseacha na Leabharlainne.

Lean an Leabharlann de bheith ag cur a plean gníomhaíochta faoin gcomhaontú comhpháirtíochta sóisialta, Towards 2016 i bhfeidhm. Is é bunchuspóir an chomhaontaithe seo ná éifeachtúlacht agus solúbthacht eagraíochtúil a uasmhéadú, a bhfuil cleachtais oibre agus nósanna imeachta mar chuid de, le tacú le soláthar éifeachtach seirbhíse agus cur i gcrích cuspóirí straitéiseacha.

I measc na nithe a cuireadh i bhfeidhm sa bhliain 2009 tar éis iad a aontú in 2008 bhí bealaí nua oibre agus sruthlíniú ragobair fhoireann na Leabharlainne, in éineacht le huainchláir níos oiriúnaí do ghnó don fhoireann, rud a chiallaigh gur soláthraíodh coigilteas airgeadais, chomh maith le pátrún oibre níos struchtúrtha.

Cuspóir Straitéiseach 6.2

Córais bhainistíochta agus forbartha feidhmíochta (CBFF) a athbhreithniú agus a chomhtháthú le pleanáil straitéiseach agus ghnó.

Reáchtáladh treoirscéimeana in 2009 a chuimsigh míreanna nua de chóras bainistíochta agus forbartha feidhmíochta na Leabharlainne lenar áiríodh comhtháthú leis an bpróiseas bliantúil breisíochtaí agus aiseolais aníos. Tá ceaptha an treoirscéim seo a chomhtháthú le timthriall CBFF 2010 agus go mbeidh cur chuige níos láidre agus níos comhsheasmhaí

ann san fhadtéarma dá bharr trí nascaíochaí a chinntiú idir gach gné den mheasúnú feidhmíochta, ar a n-áirítear incháilitheacht ar bhreisíochtaí, ar ardú céime agus ar na scálaí pá is airde chomh maith le creat trédhearcach a sholáthar chun dul i ngleic le tearcfheidhmíocht.

Cuspóir Straitéiseach 6.3

Próisis airgeadais agus nósanna imeachta rialachais chorparáidigh na Leabharlainne a athbhreithniú agus a nuashonrú, le cinntiú go bhfuil creat buiséadach agus rialaithe cuí i bhfeidhm a chomhlíonann na riachtanais chomhlíonta go léir.

Lean an Leabharlann de bheith ag neartú phróisis airgeadais agus nósanna imeachta rialachais na Leabharlainne i gcaitheamh 2009 i gcomhar le hiniúcháirí inmheánacha na Leabharlainne, TRIBAL/HELM Ltd., agus cuireadh a gcuid moltaí siúd chun feidhme. Cuireadh formhór na moltaí ó iniúchtaí 2008 chun feidhme agus d'fhóraigh na hiniúcháirí inmheánacha iad in 2009. D'athbhreithnigh agus nuashonraigh an Bord a Chód Cleachtais agus Rialachais Chorparáidigh féin.

Nuashonrú ar Nósanna Imeachta Airgeadais:

- Cuireadh na príomhnósanna imeachta taistil agus cothabhála in iúl do gach ball foirne lena mbaineann in 2009
- Cuireadh beartas taistil agus cothabhála na Leabharlann ar bhonn foirmeálta agus nuashonraíodh é lena chríochnú agus lena fhorghnó in 2010.

Tá an tionscadal Pleanála Léanúnaí Gnó (PLG)/Cosc Tubaiste tugtha chun críche agus tá ullmhúcháin ar siúl chun a chur chun feidhme a chinntiú agus féachaint conas is fearr is féidir an réimse seo a acmhainniú agus a bhainistiú, go háirithe i bhfianaise na laincisí foirníochta atá anois ann.

Tugadh measúnaithe priacal chun críche sna réimsí seo a leanas:

- priacail ghnó:
- priacail san fhoirgneamh; agus
- priacail sláinte agus sábháilteachta

Cuspóir Straitéiseach 6.4

Deiseanna nua maoinithe a fhorbairt chomh maith le cruthú ioncain a ghníomhachtú.

Ní raibh aon fhorbairt beartais sa réimse seo i gcaitheamh 2009 ach bhí ioncam á ghiniúint ag Leabharlann i gcónaí ón tseirbhís athghrafach agus ó sheirbhísí eile nach í.

An Bord agus Coistí an Bhoird

Tháinig forálacha an Achta um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997, i bhfeidhm an 3 Bealtaine, 2005. Déanann siad foráil do bhunú Boird nua do Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

Tá feidhmeanna Leabharlann Náisiúnta na hÉireann leagtha amach in Alt 12 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997. Déantar foráil in Alt 12(1) gurb iad:

“Príomhfheidhmeanna Bhoird na Leabharlainne ná chun an t-ábhar leabharlainne i mbailiúchán na Leabharlainne a chaomhnú, a athchóiriú, a chothabháil agus a mhéadú, do leas an phobail agus chun taifead d’ábhar leabharlainne (ábhar a bhaineann leis an nGaeilge san áireamh) a bhunú agus a chothabháil maidir le hÉirinn agus le cur le soláthar teachta an phobail ar ábhar a bhaineann le tíortha eile.”

Liostaíonn Alt 12(2) cuid de chumhachtaí an Bhoird, lena n-áirítear cumhachtaí maidir le taighde ginealais, deonú agus deimhniú Armais, chomh maith le soláthar seirbhísí leabharlainne agus eolais.

Is é príomhról an Bhoird ná cinneadh a dhéanamh ar chúrsaí straitéise, beartais, airgeadais agus nósanna imeachta, anailís agus athbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí éagsúla na Leabharlainne agus an Fheidhmeannais, chomh maith le machnamh a dhéanamh ar mholtaí ó choistí.

Ar na réimsí a raibh an Bord ag díriú orthu go príomha i gcaitheamh 2008, bhí riachtanais stórais agus an priacal bainteach i leith na mbailiúchán, digitíú, síneadh a chur le huaireanta poiblí agus inrochtaineacht.

Tá 12 bhall ar an mBord agus J Gerard Danaher, Uasal, AS mar Chathaoirleach air. Tá beirt bhall san áireamh air ó Chumann Ríoga Bhaile Átha Cliath, Ida Delamer, Uasal, agus Patrick F Clyne, Uasal, a cheap an tAire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, faoi fhorálacha alt 19(9) d’Acht 1997. Is é an Gerard Long, Uasal, (Leas-Choimeádaí) an ball foirne ar an mBord a ceapadh faoi alt 19(8) den Acht. Is gnách don Stiúrthóir, Aongus Ó hAonghusa, Uasal, freastal ar chruinnithe an Bhoird, mar is amhlaidh i gcás bhaill eile an fheidhmeannais, de réir mar is gá.

Bhuail an Bord le chéile naoi n-uaire i ndiaidh a chéile i gcaitheamh 2008. Seo a leanas baill an Bhoird agus a bhfreastal ar na cruinnithe:

Baill an bhoird:	Tinreamh
J Gerard Danaher (Cathaoirleach)	9
Patrick F Clyne ¹	4
Bob Collins	7
Ida Delamer	9
Breda Kelly	9
Gerard Long	9
Susan McGrath	8
Máire Mac Conghail	8
Niall Mac Monagle	8
Brendan O Donoghue	8
Noreen Whelan	7
David Harvey*	8

*Ceapadh David Harvey mar bhall den Bhord i bhFeabhra 2009.

Bhí na táillí a íocadh le baill an Bhoird in 2009 ar aon dul le beartas an Rialtais maidir le luach saothair do chathaoirligh agus do bhaill neamhfheidhmiúcháin ar bhoird Chomhlachtaí Stáit, Catagóir 4. Is iad táillí bliantúla Chatagóir 4 ná €9,450 do chathaoirligh agus €6,300 do stiúrthóirí, le héifeacht ó Bhealtaine 2009.

Leagtar amach thíos na costais a íocadh leis an mBord agus le baill choiste an Bhoird, de réir catagóire:

Catagóir	Costais
Óstán	€188.00
Taisteal	€2,069.63
Eile	€948.48
Iomlán	€3,206.11

Gníomhaíochtaí an Bhoird i gcaitheamh 2009

Baineann dhá choiste reachtúla agus trí choiste neamhreachtúla leis an mBord. Leanann na coistí seo dá ról tábhachtach i leith cúnaimh agus comhairle a chur ar fáil don Bhord.

Coistí Reachtúla 2009

An Coiste Ginealais agus Araltais (a bunaíodh faoi Alt 13(4) d'Acht 1997)

¹ Ní ghlacann Patrick F Clyne táille ar bith

Cuireann an coiste seo comhairle ar an mBord faoi chúrsaí a eascraíonn ó chumhachtaí agus ó fheidhmeanna reachtúla an Bhoird i réimsí an ghinealais agus an araltais.

Cuimsíonn an Coiste:

Patrick F Clyne (Cathaoirleach agus ball den Bhord)

Máire Mac Conghail (Ball den Bhord)

Niall Mac Monagle (Ball den Bhord)

Brendan O Donoghue (Ball den Bhord)

Ciara Breathnach

Shane English

Paul Gorry

Dr Susan Hood

Aongus Ó hAonghusa – ex officio

Fergus Gillespie – ex officio (Chuaigh Fergus Gillespie ar scor in Samhain 2009)

Bhuail an Coiste Ginealais agus Araltais le chéile trí huairé i gcaitheamh 2009.

Coiste Comhairleach na Léitheoirí (a bunaíodh faoi Alt 23 d’Acht 1997) Is é ról Coiste Comhairleach na Léitheoirí ná comhairle a chur ar an mBord ar chúrsaí a bhaineann le soláthar seirbhís leabharlainne agus eolais do mhuintir an phobail.

Cuimsíonn an Coiste:

Noreen Whelan (Cathaoirleach agus ball den Bhord)

Rev Fr J Anthony Gaughan

Angie Kinane

Seamus Leahy

Marie Reddan

Tháinig Diarmuid Kennedy ar an gCoiste i mBealtaine 2009.

Bhuail Coiste Comhairleach na Léitheoirí le chéile trí huairé i gcaitheamh 2009.

Tuarascáil Choiste Comhairleach na Léitheoirí (CCL)

Tionóladh an chéad chruinniú den CCL an 8 Nollaig 2005. Seisear ball a bhí ag an gCoiste – ag cloí le halt 23(3) den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997, ball den Bhord agus “cúigear gnáthbhall, duine amháin as gach cúige”: Noreen Whelan, Cathaoirleach agus ball den Bhord: Marie Reddan, Connaught; Marie Coleman (2005-2009), Diarmuid Kennedy (2009-2010); Angie Kinnane, Leinster; Seamus Leahy, Munster; Father Anthony Gaughan, Uachtarán Chumann NLI.

Sainithníodh trí aidhm déag ag an gcruinniú seo agus moladh iad ina dhiaidh sin don Bhord.

Tá a bhformhór siúd bainte amach sna cúig bliana ó shin agus tá feabhas mór tagtha ar chaighdeán na seirbhíse do léitheoirí. Ba iad seo:

- Grúpa um Sheirbhísí do Léitheoirí a bhunú laistigh den leabharlann chun

monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht beartas agus moltaí a dhéanamh i gcomhar leis an CCL, faoi Brian McKenna, Gráinne MacLochlainn, Sandra McDermott agus Kevin Browne.

- Suirbhé/ceistneoir a dhéanamh i mBéarla agus i nGaeilge ar gach úsáideoir i ngach ceann de na trí sheomra léitheoireachta: suirbhé ar pháipéar, ar an suíomh Gréasáin agus suirbhé a chuirfí chuig institiúidí cultúrtha eile chun riachtanais agus próifíl na léitheoirí a dhéanamh amach, mar aon le leibhéil sástachta leis an tseirbhís, leis na bailiúcháin agus leis na huairéanta poiblí. Fuarthas mórchuid faisnéise úsáidí as an suirbhé seo agus gníomhaíodh dá réir
- Ceapadh beartas ar úsáid ceamaraí digiteacha chun bailiúcháin a chóipeáil. Tá ag éirí go han-mhaith leis agus tá na léitheoirí thar a bheith sásta.
- Scaipeadh eolais mar gheall ar imeachtaí beartaithe agus ar éadálacha agus an tslí le teacht a fháil orthu, trí (1) nuachtlitir (2) seirbhísí do léitheoirí/suíomh Gréasáin (3) fógrán i dtaobh imeachtaí beartaithe agus (4) úsáid a bhaint as RTÉ Supporting the Arts Cruthúnas ar fheasacht mhéadaithe an phobail ar imeachtaí agus ar ghníomhaíochtaí na Leabharlainne agus na Cartlainne Náisiúnta Grianghrafadóireachta is ea an méadú suntasach ar thinreamh míosúil agus ar amais ar an suíomh Gréasáin.
- Uasghrádú na comharthaíochta; tá an leagan amach nua san fhorhalla furasta a úsáid agus tá gach láthair taispeáinte go soiléir.
- An próiseas iarratais ar thicéad Léitheora i gcaitheamh an lae a shimpliú trí cheamara digiteach in situ a úsáid, chun teacht réidh a thabhairt air, mar aon le híoslódáil foirmeacha iarratais ar thicéid. Tá an méid sin ar siúl i láthair na huairé agus déanfar forbairt bhreise air.
- Beartas a cheapadh ar dhigitiú na mbailiúchán, na gcatalóg, na ngrianghraf agus mar sin de; tá sé sin ar siúl an t-am ar fad.
- Treoshuíomh/Cuairteanna taithíocha a sholáthar d'úsáideoirí ag amanna ar leith. Tá sé sin ar bun agus cuireann sé go mór le heolas.
- Printéirí Léite Micreascannán a thabhairt isteach d'úsáid an phobail chun ábhar ar mhicreascannán a phriontáil. Cuireadh an-fháilte roimh an simpliú seo ar úsáid agus tá an-tóir air, go háirithe ó athchóiríodh an seomra léitheoireachta micreascannán.
- Gach bileog eolais de chuid na Leabharlainne a chur ar an suíomh Gréasáin, rud a rinneadh.
- Cairt do Chustaiméirí. Chuathas i gcomhairle le gach páirtí leasmhar ar feadh i bhfad agus tá Cairt nua cuimsitheach do Chustaiméirí ar fáil anois dá bharr.
- Síneadh a chur leis na huairéanta poiblí; tá léitheoirí an-sásta go n-osclaíonn an Seomra Léitheoireacha anois níos luaithe ná mar a d'osclaíodh, agus taitníonn sé le daoine gur féidir teacht anois chuig taispeántais ag an deireadh seachtaine.
- Tá súil againn fós teacht ar an Seomra Léitheoireachta a ríomhairiú.

Ag cur san áireamh an treoir a tugadh don CCL san Acht chun comhairle a sholáthar maidir le "hábhair a bhaineann le soláthar seirbhís leabharlainne agus seirbhís faisnéise do bhaill den phobal lena n-áirítear litríocht a scaipeadh maidir le bailiúchán na Leabharlainne" (Alt 23 (2) (a), tá clár cuimsitheach de sheirbhísí feabhsuite curtha ar fáil ag an CCL, i gcomhar leis an nGrúpa um Sheirbhísí do Léitheoirí, dár n-úsáideoirí,

agus cé "non omnia possumus omnes" bhreathnódh an CCL ar na leasuithe fairsinge seo mar theimpléad do Choistí a thiocfadh ina ndiaidh.

Le linn théarma an Choiste bhí údar inní ann mar gheall ar spás, stóráil agus slándáil na mbailiúchán, agus tá an inní sin níos géire anois ná riamh. Tá pleananna meantéarmacha ann chun bailiúcháin a roinnt agus a stóráil píosa maith ó Shráid Chill Dara, agus is dóigh linn nach leas na léitheoirí é sin agus go mbeadh drochthionchar aige ar chaighdeán na seirbhíse is féidir a sholáthar

Tá an Coiste aireach ar an tábhacht mhór stairiúil atá le foirgneamh na Leabharlainne agus a dheacra atá sé próifíl den aonú haois is fiche a sholáthar i bhfoirgneamh a dhátaíonn ón naoú haois déag. Táimid buartha faoi shaincheisteanna sláinte agus sábháilteachta na foirne go háirithe i gcás sábháilteacht na n-áiteanna stórais. Beidh na saincheisteanna seo mar dhúshlán don Bhord nua agus don CCL nua. Guímid gach rath orthu.

Mar chuid dá shainordú chun a bheith feasach ar fhorbairtí, ar bheartais agus ar dheachleachtais i Leabharlanna Náisiúnta eile agus i gcomhlíonadh a shainordú chun comhairle a chur ar an mBord maidir le hábhar ar bith a bhaineann le soláthar seirbhís leabharlainne agus seirbhís faisnéise don phobal thug Coiste Comhairleach na Léitheoirí cuairt ar dhá cheann de Leabharlanna Náisiúnta le linn a théarma cúig bliana.

Is mian liom mo bhuíochas a ghabháil leis an iar-Stiúrthóir, Aongus Ó hAonghusa, as an gcomhairle agus an tacaíocht a thug sé don Choiste, le Brian McKenna agus a fhoireann as a ngairmiúlacht, a gcabhair agus a gcomhar; le baill CCL a tháinig le chéile in aon aonad éifeachtach amháin, agus thar aon duine eile, le Kevin Browne, ar cinnte nach mbainfí amach an oiread a baineadh gan a shíoraire do mhionphointí, a chúirtéis neamh-mhiolamach, a chabhracht agus a aoibh mhaith.

Noreen Whelan
Cathaoirleach CCL
Dé Luain, an 29 Márta 2010

Coistí Neamhrechtúla

Coiste Iniúchóireachta

Mar chuid den athbhreithniú córasach leanúnach ar an timpeallacht rialaithe agus ar nósanna imeachta rialachais sa Leabharlann, tá sé mar ról ag an gCoiste Iniúchóireachta maoirseacht a dhéanamh ar an bhfeidhm Iniúchóireachta Inmheánaí agus comhairle a chur ar an mBord maidir le feidhmiú agus forbairt na feidhme sin.

Is iad baill an Choiste Iniúchóireachta:
Breda Kelly (Cathaoirleach agus ball den Bhord)
Bob Collins (Ball den Bhord)
Ida Delamer (Ball den Bhord)
David Harvey (Ball den Bhord)

John O'Callaghan

Bhuail an Coiste Iniúcháireachta le chéile ceithre huairé i gcaitheamh 2009.

Coiste Comhairleach ar Bheartas Éadálacha

Is é príomhról an Choiste ná comhairle a chur ar an mBord maidir lena fheidhmeanna reachtúla chun ábhar leabharlainne de chineálacha difriúla a fháil chun bailiúcháin na Leabharlainne a mhéadú, chomh maith le comhairle a chur ar an mBord agus cabhrú leo beartas éadálacha a fhorbairt. Ós rud é gur baineadh amach a phríomhchuspóir de bheartas forbartha bailiúcháin a dhéanamh foirmeálta don Leabharlann (ar aon dul le Cuspóir Straitéiseach 1.1) agus an doiciméad treoirlínite éadálacha a tháinig de sin a dhréachtú agus a chur á ghlacadh, chinn an Bord, ar mholadh ó Chathaoirleach an Choiste, gur cheart an Coiste a scor. Glacadh an cinneadh sin ag cruinniú an Bhoird i Meán Fómhair.

Brendan O'Donoghue (Cathaoirleach agus ball den Bhord)

Niall McMonagle (Ball den Bhord)

Ita Daly

Frank Callanan AS

Conor Brady (d'éirigh as Deireadh Fómhair 2008)

Gerard Lyne (an gabháil áit an Stiúrthóra) (a d'éirigh as Bealtaine 2009)

Colette O'Flaherty (ag gabháil áit an Stiúrthóra)

Bhuail an Coiste Comhairleach ar Bheartas Éadálacha le chéile ar dhá ócáid in 2009.

Tá an Bord buíoch do bhaill uile an Choiste Chomhairligh ar Bheartas Éadálacha as a gcuid oibre agus go háirithe do bhaill sheachtracha an Choiste a bhí chomh fial sin lena gcuid ama agus a gcuid saeolais le linn thréimhse an Choiste.

Coiste chun scéim gradam don Stiúrthóir a bhaineann le feidhmíocht a oibriú.

Ní raibh aon chruinniú ag an gCoiste in 2009.

Aguisín 1: Buíochas lenár n-urraitheoirí agus lenár mbronntóirí

Urraitheoirí:

Brambles
The Merrion Hotel, Baile Átha Cliath
Poolbeg Press
Ambasáid na Rómáine
Age Action – Irene Graham

Bronntóirí

An tAthair Proinsias Ó Fionnagáin SJ
Anraí Ó Braonáin agus Donla Uí
Bhraonáin
Artscope
Barr, Thomas M.
Barry, Liam as National Gaelic
Publications, An Astráil
Beckett Weaver, Eric
Bibliothèque Royale de Belgique
Blackstaff Press Ltd
Blatnik, Andrej
Boles, Margaret
Boran, Marie
Boydell, Mary
Boyle, Finbar
Boyle, Patrick
Branigan, Ciaran
Brazilian Embassy
Brepols Publishers
Browne, Bernard
Browne, Bernard
Burke, James
Cain, Mary K
Carleton University Library, Ceanada
Comhairle Contae an Chabháin
Chambers, Christine

Christian Brothers (Queensland),
Iontaobhaithe
Clarke, Conor
Clarke, Frances
Clayton, George
Cleary, Elizabeth
COIR
Colbert, Colm
Comerford, John
Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge
Connolly, Joyce
Costello, M.J.
Costello, Peter
Davis, Richard
Day, Sean
Dillons Publishing
Comhairle Contae Dhú na nGall
Donnelly, Judi A.
Leabharlann Dhún Laoghaire Ráth an
Dúin
Emerald Isle Books (Jack agus Jean
Gamble)
Coimisiún Comhionannais Thuaisceart
Éireann
Fahy, Catherine
Farinella, Dr. Enzo
Farrell, John

Farrelly, Doug & Irene
 Faul, Honora
 Fernandez, Yolanda
 Fernando Sanchez Migallon Cano
 Finegan, Joanna
 Fletcher, Inez
 Fletcher, Valerie C
 Fleury, Jean-Pierre
 Galvin, Tony
 Gessner, Jane Catherine
 Giblin, John
 Gilmour-Wood, Mrs Lesley
 Gleeson, Damian
 Goodall, Michael H.
 Griffin, Stephen
 Grumbacher, Robert
 H.E. Mag. Franc Mikša, Ambasadóir,
 Ambasáid Phoblacht na Slóivéine
 Harford, Elizabeth
 Harte, Mickey
 Hawe, Patrick
 Healy, Senan
 Heerey, Peter
 Heerey, Sally
 Holland, Merlin
 Horgan, John
 Houlihan, Barry
In de Bonnefant, An Ísiltír
 Institiúid Teangeolaíochta Éireann
 Malartán Liteartha na hÉireann
 Irish Ancestors 4U Ltd
 Island Publications
 Jerrold, Yvonne
 Johnson, Robert Leland
 Keating, Geoffrey
 Kennedy, Don
 Kenny's Bookshop & Art Galleries Ltd
 Lalor, Brian
 Lamom, George
 Leech, Patrick
 Leonard, Denis
 Long, Gerard
 Lorente, Alejandro
 Lundy, Dell
 Lyne, Gerard
 M O'Connell, M
 Mac Allister, Niall
 Maddock, Carol
 Maggs Bros
 Maguire, John B.
 Manchester University Press
 McCabe, Conor
 McCan, Frank
 McCann, Joe
 McEvoy, John Michael
 McGarrity, Maria
 McGuinness, Dr. Paul
 McSharry, Katherine
 Meyer, G. Rex
 Músaem Lár-Aontroime
 Minahane, John
 Mitchell, An tOllamh Arthur
 Mitchell, Teresa
 Monks, Roberts
 Morrison, Danny
 Moylan, Terry
 Mr Cornelius F Smith
 Ms Beatriz Kopschitz X Bastos, ABEI –
 Associação Brasileira de Estudos
 Irlandeses
 Ms Maureen O'Sullivan, TD
 Murphy, Alan
 Murphy, Patsey
 Na Píobairí Uilleann
 Leabharlann Náisiúnta na Tuirce (Tuncel
 Acar, Uachtarán)
 Músaem Náisiúnta Thuaisceart Éireann
 Nestor, Stephen
 Nolan, Claire
 Norris, An Seanadóir David
 Ó Buachalla, An tOllamh Breandán
 Ó Carragáin, Eoghan
 Ó Conluain, Proinsias
 O Donoghue, Brendan
 Ó Marcaigh, Caoimhín
 O'Brien, Gearóid
 O'Brien, Terry
 O'Brien, William
 O'Connell, M
 O'Daly, Colette
 O'Flaherty, Colette
 O'Malley-Mulloy, An Dr. Sheila

O'Neill, Ann
O'Neill, Seamus
O'Reilly, Terence
O'Sullivan, Pat
O'Donnell, Katherine
Leabharlann Contae Uíbh Fhailí
Ollila, Jukka
Suirbhéireacht Ordanáis na hÉireann
Oxford University Press
Peirson, J.J.
Cumann Percy French
Project Arts Centre
Prút, Liam
Rademacher, An Dr. Jorg
Reid, Eamon
An Ghluaiseacht Shóisialach
Poblachtach
Riedzewski, Ramona
Roche, Richard
Rodriguez, Robert
Rooney, Iona A
Rose, An Dr. David
Ryan, Thomas
Scannell, Maura
Schreibman, An Dr. Susan
Sensbergs, Ugis
Shapero, Bernard J. Rare Books
Sheehan, Ronan
Smythe, Colin
Eastát Lucia Moreira Salles
An Comhaontas Glas
The Scottish Gaelic Texts Society
Towers, Robert
Trench, Brian
Iontaobhaithe na mBráithre Críostaí
(Queensland)
Ollscoil Pittsburgh (Hillman Library)
Vermillion Design
Wallace, Ciarán
Walsh, Tonie
Leabharlann Cathrach Phort Láirge
Whelan, Noreen
Whelan, Prof Kevin
Woolmer, J Howard
Yazee Publication, Switzerland
Yes! Publications, Doire
Young, Kath

Aguisín 2: Cumann Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

Cumann de chairde Leabharlann Náisiúnta na hÉireann is ea Cumann Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Eagraíonn sé clár bliantúil léachtaí ar ábhair a bhaineann le hÉirinn i réimsí ábhar amhail stair, litríocht agus cúrsaí reatha; eagraíonn sé cuairt bhliantúil ar thithe stairiúla agus ar ionaid eile agus cuireann sé deis ar fáil do dhaoine a bhfuil suim acu tacú leis an Leabharlann ina cáil mar leabharlann oifigiúil taifead Stát an hÉireann ag doiciméadú taithí mhuintir na hÉireann.

Tá costas €25 ar an mballraíocht bhliantúil (laghdaithe go €10 i gcás na mac léinn agus €15 i gcás na ndaoine atá 65 bliain d’aois agus níos sine).

Seo a leanas Oifigigh an Chumainn le linn 2009:

Cathaoirleach: Very Rev. Fr J Anthony Gaughan

Leas-Chathaoirleach: Felix M Larkin

Rúnaí: Roger Courtney

Cisteoir: An Dr Ian d’Alton

Cuireadh na léachtaí seo a leanas ar fáil don Chumann i gcaitheamh na bliana:

An 11ú Feabhra 2009: An tOllamh Mary Carruthers (NYU agus All Souls, Oxford)
“To Make a Library of my Memory” – The Transmission and Invention of Knowledge in the Middle Ages. Ba é seo an ceathrú léacht bliantúil John J. O’Meara.

An 11ú Márta 2009: An Dr Patrick Geoghegan (Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath)
“The Mob King” – Daniel O’Connell and the Making of Ireland

22ú Aibreán, 2009: An Dr Mark O’Brien (Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath)
The History of the Irish Times

7ú Deireadh Fómhair 2009: An Dr Michael Kennedy (Acadamh Ríoga na hÉireann)
“Take Prompt and Vigorous Action” – General Dan McKenna and the Development of Ireland’s Defense Forces during the Second World War

An 11ú Samhain 2009: An tOllamh Ronan Fanning (UCD)

The Hunt for Eliza Lynch

An 9ú Nollaig 2009: Felix M. Larkin (Leas-Chathaoirleach, Cumann Leabharlann Náisiúnta na hÉireann)

Artistic Bombs – The Shemus Cartoons in the Freeman’s Journal, 1920-1924

Ba é seo ócáid Nollag an Chumainn. Thosaigh sé le fáiltiú séasúrtha i bhforhalla na Leabharlainne agus tar éis an léachta seoladh leabhar Felix Larkin, *Terror and Discord: The Shemus Cartoons in the Freeman’s Journal, 1920-1924*, le Nicholas Robinson.

Reáchtáladh ócáid amuigh bhliantúil an Chumainn ar an 27 Meitheamh 2009. Ba é Gleann na Bóinne an ceann scríbe agus thug an Cumann cuairt ar Theach Beaulieu, ar Mhúsaem Francis Ledwidge i mBaile Shláinte agus ar Ghairdín Arcáidiach Larchill, *ferme ornée* a dhátaíonn ón 17ú haois.

Aguisín 3: Staidreamh (Ba é 138,809 líon na gcuariteoirí ar an Leabharlann in 2009.)

Cuariteoirí	2007	2008	2009
An Príomhsheomra Léitheoireachta			
Luan-Aoine 9.30am go 5.00pm	17,134 ²	18,878	18,205
Luan-Céadaoin 5.00am go 10.00pm	1,895	2,155	2,175
Satharn 9.30am go 1.00pm	1,536	1,793	1,663
Seomra Léitheoireachta na Lámhscríbhinní	3,707 ³	3,924	4,189
An Chartlann Náisiúnta Ghrianghrafadóireachta	32,593	33,387	33,331 ⁴
An Seomra Stair Teaghlaigh	5,831	4,121	7,388
Taispeántas <i>Yeats</i>	33,219	49,951	54,817
Taispeántas <i>Strangers to Citizens</i>	----- ⁵	17,390	12,080
An Iarsmalann Araltais	657 ⁶	-----	-----
Ócáidí Eile	6,159	4,910	4,961
Líon iomlán na gcuariteanna	<u>102,731</u>	<u>136,509</u>	<u>138,809</u>
Amais ar an suíomh Gréasáin	119,997 ⁷	325,425	444,783
Éadálacha			
Leabhair Taisce Dlíthiúla	2,130	2,056	2,017
Eagráin nuachtán taisce dlíthiúla	18,648 (280 teideal)	19,343 (284 teideal)	17,794 (264 teideal atá beo faoi láthair)
Nuachtáin ar mhicreascannán (líon na spól)			1,036
Leabhair Nua	1,948	3,370	1,201
Tréimhseacháin (eagráin aonair)	10,996	10,514	8,783
Grianghraif	2,000	51,000 ⁸	650 ⁹
Bronntanais Priontaí agus Líníochtaí	4	1 ¹⁰	4
Ceannacháin Priontaí agus Líníochtaí	348	56	57 ¹¹

² Dúnadh an Príomhsheomra Léitheoireachta don phobal ar feadh roinnt seachtainí le deisiú a dhéanamh ar an gcoirnis. Cuireadh cóiríocht mhalartach ar fáil i seomraí cóngarach don bhforhalla.

³ Dúnadh an Príomhsheomra Léitheoireachta don phobal ar feadh roinnt seachtainí le haghaidh athcháblú. Cuireadh cóiríocht mhalartach ar fáil in Uimh. 4 Sráid Chill Dara.

⁴ I ngeall ar easpa foirne dúnadh taispeántas na Cartlainne Náisiúnta Grianghrafadóireachta (CNG) roinnt tráthnónta i gcaitheamh na tsamhraidh

⁵ D'oscail an taispeántas *Strangers to Citizens* an 12 Nollaig 2007

⁶ Dúnadh an Músaem Araltais ar feadh roinnt míonna le go bhféadfaí taispeántas nua a shuiteáil.

⁷ Seoladh suíomh Gréasáin nua na Leabharlainne i Lúnasa 2007 agus comhaireadh amais uaidh sin ar aghaidh

⁸ Tá thart ar 50,000 grianghraf i gCartlann Rex Roberts


⁹ Áirítear ar an bhfigiúr sin íomhánna in albaim a fuarthas i gcaitheamh na bliana

¹⁰ I mbailiúchán amháin tá thart ar 900 líníocht lámhtharraingthe agus comhaid ghaolmhara

¹¹ I leabhair sceitse Charles Langham tá 298 líníocht san iomlán

Ábhar Gearrshaolach	459	55	152
Bronntanais lámhscríbhinní	34	41	30
Ceannacháin lámhscríbhinní	284	58	176
Próiseáil			
Leabhair chatalógaithe	1,738	2,101	8,875
Tréimhseacháin chatalógaithe/taifid leasaithe	161	235	387
Sraithuimhreacha Caighdeánacha Idirnáisiúnta (ISSN)	145 sannta 302 curtha isteach/leasaithe 1,645 teagmháil le foilsitheoir	122 sannta 272 curtha isteach/leasaithe 1,585 teagmháil le foilsitheoirí	94 sannta 218 curtha isteach/leasaithe 1,235 teagmháil le foilsitheoir
Bosca lámhscríbhinní scaoilte a bhí catalógaithe	585	588	501
Imleabhair lámhscríbhinní a bhí catalógaithe Taifid MARC8 a cruthaíodh do mhíreanna aonair lámhscríbhinní agus do bhailiúcháin bheaga	423	129	262
Taifid MARC do léarscáileanna lámhscríbhinne	-----	-----	171

Staidreamh an tSuímh Ghréasáin Taispeánann an graf thíos an méadú ar amais ar shuíomh Gréasáin na Leabharlainne ó cuireadh Grianghraif Dhigiteacha ar fáil in Iúil, agus *Sources* ag deireadh Mheán Fómhair.



Aguisín 4: Comhpháirtíochtaí Comhoibritheacha i gcaitheamh 2009

Oideachas Aosach UCD – mhair an cúrsa *WB Yeats at the National Library* ón 27 Eanáir – 24 Márta, agus cuireadh turais threoraithe ar an taispeántas ar fáil.

UCD MA in Cultural Policy and Arts Management – (22 Eanáir – 5 Márta) cuireadh an tsraith léachtaí ‘Arts Lives’ ar comhpháirt í den MA ar fáil i Seomra Seimineáir na Leabharlainne agus cuireadh turais tosaigh ar fáil ar bhailiúcháin na Leabharlainne.

Tionscadal na nGael san Eoraip – Sraith léachtaí *Strangers to Citizens* (An tOllamh Tom Bartlett ‘The Wild Geese: writing the history of Irish soldiers in French services, 1690 - 1815’ (21 Eanáir); an Dr Liam Chambers ‘The Irish College in Early Modern Europe’ (24 Feabhra); an Dr Diego Téllez Alarcia ‘The Irish in the Spanish Empire (9 Márta)’; na Dochtúirí Tom O’Connor agus Mary Ann Lyons ‘Tionscadal na nGael san Eoraip’ (20 Aibreán).

Acadamh Ríoga na hÉireann – (24 February) mar chomóradh ar fhoilsiú an 19ú imleabhar i sraith an Irish Historic Towns Atlas, chuir an Leabharlann léacht leis an Ollamh Colm Lennon i láthair ar an 24 Feabhra. Cuireadh taispeántas sealadach d’ábhar gaolmhar ar taispeáint i Sean-Oifig an Stiúrthóra ag an am sin.

Seachtain Leabharlainne Éireann agus Lá Idirnáisiúnta na mBan – dhá léacht (Carol Maddock, ‘By Tooke or by Crooke: Mary Crooke and Dublin’s 17th century print trade’; Dr Sonja Tiernan ‘Hidden in plain sight: Uncovering Irish women’s history from the manuscripts of the NLI’) a réachtáladh mar cheiliúradh ar na hócáidí seo ar 5 agus 6 Márta.

Seachtain na Gaeilge – cuireadh turais Ghaeilge ar thaispeántas Yeats ar fáil an 10 agus an 14 Márta chun Seachtain na Gaeilge a chomóradh.

Cumann Leabharlainne na hÉireann: 26 Márta – Réachtáladh seimineár GenLoc sa Seomra Seimineáir.

Leabharlann Poiblí Chathair Bhaile Átha Cliath – Chun *One City One Book, 2009* a mharcáil cuireadh taispeántas de shealbháin Dracula na Leabharlainne ar fáil sa Leabharlann mar aon le dhá léacht (Dracula’s myth: from facts to tourism marketing; Dracula as travel agent’ agus ‘Bram Stoker’s Dracula: From notes to novel’) ar an 27 agus an 28 April.

UCD James Joyce Research Colloquium: 17 Aibreán – Chuir an Leabharlann seimineár den Collóiciam i láthair.

St John of God – Mhair tionscadal 1916 naoi seachtaine ó Aibreán go Meitheamh agus d'fhreastail úsáideoirí seirbhísí Carmona agus Thailte na Locha air. I gceist sa tionscadal chomh maith bhí comhar leis an Músaem Náisiúnta Iompair i mBinn Éadair.

Ambasáid na Slóivéine – An 5 Bealtaine seoladh *Amanairis*, an chéad díolaim d'fhillíocht agus d'fhicsean Gaeilge na linne seo a aistríodh go dtí an tSlóivéinis, agus ba sa Leabharlann a seoladh é.

An Chomhairle Leabharlanna: Seimineár 'Future of NEWSPLAN Ireland', 12 Bealtaine, arna chur i láthair ag an Leabharlann Náisiúnta.

UCD Humanities Institute of Ireland: 15 Bealtaine – I gcomhar leis an UCD HII chuir an Leabharlann máistir-rang i láthair leis an gcoimeádaí Giles Mandelbrote ó Leabharlann na Breataine.

UCD – Eagraíodh tús eolas ar *Sources* le haghaidh taighdeoirí daonnachtaí i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ar an 19 Bealtaine.

Age and Opportunity – Bhí páirt mhór ag an Leabharlann i bhféile Bealtaine de chuid Age & Opportunity. Seoladh an fhéile ag an Leabharlann agus reáchtáil an Leabharlann trí cinn d'imeachtaí mar chuid dá clár Bealtaine: *Interpreting Yeats* (cúrsa 6 seachtaine a d'oíl rannpháirtithe chun turais threoraithe a thabhairt ar thaispeántas Yeats); *Finding your Family* (trí cinn de cheardlanna a mhair 2.5 uair an chloig an ceann le Máire Mac Conghail, rianáí agus ball den Bhord; *The Magpie's Nest* (bhí grúpa Bealtaine ó Phort Láirge i gcomhar leis an ealaíontóir Michael Fortune i mbun coimeádaíochta ar thaispeántas d'ábhar na Leabharlainne ar thrí cinn de théamaí a bhaineann le Loch Garman). Eagraíodh trí cinn d'imeachtaí siamsaíochta am lóin mar chuid den fhéile sin.

Cumann Músaem na hÉireann – Bhí an Leabharlann rannpháirteach i dtionscnamh seachtaine an IMA 'Catch up on Culture' idir 17 – 24 Bealtaine tríd a imeachtaí a fhógairt mar chuid den tseachtain.

The Memoir Writing Club – I gcomhar le bunaitheoir an Memoir Writing Club, Irene Graham, chuir an Leabharlann ceardlann trí lá i láthair mar gheall ar scríobh cuimhní cinn ('Memories into Memoir' – 18-20 Bealtaine) agus seoladh *The Memoir Writing Workbook*.

Cove Productions – Chuir an Leabharlann dhá thaibhiú réamhléirithe de 'The Tower' le Cove Productions i láthair an 11 agus an 12 Meitheamh.

Féile Bloomsday 09 – Chuir an Leabharlann ócáid le John McCourt mar gheall ar 'Stephen D' de chuid Hugh Leonard i láthair Dé Sathairn an 13 Meitheamh agus seinneadh taifeadadh d'agallamh a rinneadh leis an teilgeoir Volta, Lennie Collinge, Dé Máirt an 16 Meitheamh.

Irish Hard of Hearing Association – cuireadh tús le sraith turas téamaithe ar thaispeántas Yeats do bhail den IHHA an 17 Meitheamh

RTÉ Radio 1 – The Arts Show – craoladh beo d'agallamh le Edna O'Brien an 23 Meitheamh mar chuid de cheiliúradh *Summer's Wreath*.

Chuir an Leabharlann ceardlanna **scoil shamhraidh James Joyce** i láthair i gcomhar le **UCD agus Coláiste Bhostún** inar baineadh úsáid as bailiúcháin de chuid na Leabharlainne. 6 – 8 Iúil

Deaf Hear: 27 Iúil – Eascaíodh ceardlanna cruthaitheacha do leanaí agus cuairteanna ar thaispeántais Yeats do leanaí a bhí ag glacadh páirte ina gcampa samhraidh.

Chuir an Leabharlann taibhithe am lóin ar fáil de *The Cat and the Moon* agus de *The Only Jealousy of Emer* le WB Yeats a léirigh **Dublin Lyric Players**. Iúil agus Lúnasa.

An Chomhairle Oidhreachta – An tSeachtain Oidhreachta 24 – 28 Iúil – Turais théamaithe am lóin ar thaispeántas Yeats.

Match Attax to Manuscripts: 27 Lúnasa – Ceardlann Bailitheoirí Óg a cuireadh ar fáil do leanáí idir 7 – 13 bliana.

Gailearaí Dhúglás de hÍde: The Preponderance of the Small, taispeántas ar fud na cathrach arna eagrú ag Gailearaí Dhúghlas de hÍde. Saothair ealaíne de chuid Niall de Buitléar ar taispeáint sa Leabharlann.

An Bailiúchán Náisiúnta Bealóidís, UCD: Bhí *Through a Swedish Lens* ar siúl ag an gCartlann Náisiúnta Ghrianghrafadóireacht ó 24 M.F. – 5 D.F.

Iontaobhas Cultúrtha Bharra an Teampaill: 25 Meán Fómhair – Oíche Cultúir. Turas ar thaispeántas Yeats agus ar an seomra léitheoireachta agus an Leabharlann ar oscailt go dtí a 9pm.

UCD/NCAD Snáithe Taighde ar Chultúr Ábhair agus Radharcach – Chuir an Leabharlann léacht poiblí le Fionna Barber i láthair an 25 Meán Fómhair.

Age Action: 28 Meán Fómhair – Seastán Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ag ócáid Silver Surfers le faisnéis ar thaispeántais agus ar sheirbhísí na Leabharlainne.

UCD Adult Education Course: 29 Meán Fómhair – 17 Samhain – Yeats and his poetry. Cúrsa léachtaí 8 seachtaine lenar áiríodh 8 turas ar an taispeántas.

UCD Adult Education Course: 30 Meán Fómhair -18 Samhain – Uncovering the Rising. Cúrsa 8 seachtaine lena n-áirítear turais ar lámhscríbhinní, ar an seomra léitheoireachta, ar phriontaí agus ar líníochtaí, ar an gCartlann Náisiúnta Ghrianghrafadóireachta.

Cumann na Múinteoirí Staire: 3 Deireadh Fómhair – Seastán Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (litríocht agus faisnéis) ag comhdháil bhliantúil HTAI.

Fundúireacht Ailtireachta na hÉireann: 11 Deireadh Fómhair – Open House, Baile Átha Cliath. Turas ar an fhoirgneamh agus ar sheomra léitheoireachta na Leabharlainne.

Cumann Seandálaíochta agus Staire Chontae Lú – Léacht ó Joanna Finegan ar 15 Deireadh Fómhair, dar teideal 'Louth in the Library'.

Poetry Ireland: I gcomhar le Poetry Ireland, chuir an Leabharlann léamh de chuid an fhile, Ciarán Carson, i láthair ar All Ireland Poetry Day an 1 Deireadh Fómhair. D'eagraigh agus chomhordaigh an Leabharlann na comórtais réigiúnacha i nDeireadh Fómhair (7 gcomórtas i mBaile Átha Cliath ar áireamh) agus eagraíodh comórtas leathcheannais agus craobh ceannais i gColáiste Wesley i nDeireadh Fómhair agus i mí na Nollag.

Cumann Percy French – Deireadh Fómhair go Nollaig. Thaispeáin an Leabharlann ábhair de chuid Chumann Percy French, lena n-áirítear eagrán facsimile nuafhoilsithe de *'the Jarvey'*

Deaf Hear: 29 Deireadh Fómhair – Éascaíodh ceardlanna cruthaitheacha do leanáí a ghlac páirt ina gcampa Oíche Shamhna.

TV3 Ireland AM: 3 Samhain – Scannánaíocht i dtaispeántas Yeats le haghaidh clár filíochta Ulick O'Connor.

Grúpa Scéalaíochta Chois Tine: 18, 25 Samhain agus 2 Nollaig – chuir an Leabharlann scéalaíocht i láthair ó thriúr scríbhneoirí, Liam O'Flaherty, Patrick Pearse agus Seumas MacManus, agus úsáideadh soilsiú ó laindéir dhraíochta.

Fóram Stair Nuachtán agus Tréimhseachán na hÉireann: Urraíocht ar an 2ú Chomhdháil Bhliantúil den Fhóram (Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, 20 agus 21 Samhain)

Luach ár Linne de chuid TG4: 14 Nollaig – Scánnánú thaispeántas Yeats le bheith ar *Luach ár Linne*

Children’s Books Ireland. Ceardlann faoi threoir Oisín McGann ar shaol agus ar chartlann scríbhneoirí agus úsáid á baint as páipéir Mháirin Cregan, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, agus as Bailiúchán Leabhar Páistí John Manning, UCD.

Comhchoiste Feidhmithe NEWSPLAN

www.learnaboutarchives.ie: Rannchuidiú d’ábhar ar thréimhseacháin stairiúla Éireannacha a bhfuil eolas maith orthu